



# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025

(01 EANÁIR – 01 AIBREÁN)

GSOC Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, DO1 FT73
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, DO1 FT73
Teil: (01) 871 6727 Íosghlao: 0818 600 800 Gréasán: www.gardaombudsman.ie

Grianghraif ar an gclúdach agus i gcodanna 1-3: Corporate Photographers Dublin

# CLÁR ÁBHAR


1. Réamhrá 6
   - Ról agus Feidhmeanna GSOC 7
   - Ár bhFís, Misean agus Luachanna 8
   - Ár Luachanna 9
2. An tAistriú chuig Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta: Pleanáil, Ullmhú agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara 10
   - 2.1 Reachtaíocht nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 11
   - 2.2 An Chéim Dheireanach den Aistriú chuig Fiosrú 11
   - 2.3 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara 12
3. Tuarascáil faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 14
4. Ár dTiomantas don Inbhuanaitheacht 18
5. Rialachas, Airgeadas agus Rialú Inmheánach 20
   - 5.1 Rialachas agus Struchtúr 21
     - 5.1.1 An Coimisiún Ombudsman 21
     - 5.1.2 Rialachas 21
     - 5.1.3 Freagrachtaí agus Cuspóirí 21
     - 5.1.4 Cruinnithe an Choimisiúin Ombudsman 22
     - 5.1.5 An Fhoireann Shinsearach Bainistíochta 22
   - 5.2 Airgeadas 23
     - 5.2.1 Caiteachas 23
     - 5.2.2 Tábla B: Caiteachas GSOC 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán) 23
     - 5.2.3 Príomhphearsanra bainistíochta 24
     - 5.2.4 Táillí nár bhain le Tuarastal 24
     - 5.2.5 Sochar fostaithe 24
     - 5.2.6 Tábla C: Miondealú ar shochar fostaithe 24
     - 5.2.7 Comhairleacht, costais dlí agus socraíochtaí 25
   - 5.3 Timpeallacht Rialaithe Inmheánach 25
     - 5.3.1 Bainistíocht Cáilíochta 25
     - 5.3.2 Iniúchadh agus Riosca 25
   - Ráiteas um Rialú Inmheánach in GSOC 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán) 27
6. Cúrsaí Foirne 30
   - 6.1 Cúrsaí Foirne agus Struchtúr Eagrúcháin 31
   - 6.2 Foghlaim agus Forbairt 31

7. Gearáin 34

An Chaoi a bhFaigheann agus a nImscrúdaíonn GSOC Gearáin 35

Inghlacthacht 35

Cineálacha Gearán 35

Príomhfhíricí agus Figiúirí maidir le Gearáin in 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán) 36

An Líon Fiosrúchán 36

An Líon Gearán 37

Cinntí maidir le hInghlacthacht 38

Cineálacha Gearán 38

8. Imscrúduithe de bhun Gearán: Torthaí in 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán) 40

Forléargas ar Imscrúduithe 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán) 41

Fad Ama a Glacadh chun Imscrúduithe a Dhúnadh 42

Imscrúduithe Coiriúla 42

Imscrúduithe de bhun Gearán: Cás-Staidéir 2025 44

9. Imscrúduithe ar Tharchur faoi Alt 102 (Bás nó Díobháil Thromchúiseach) 48

10. Aonad Dlí GSOC: Ag Plé leis na Cúirteanna 52

11. Imscrúduithe chun Leas an Phobail 56

12. Nochtadh Cosanta 58

13. Iarrataí ar Fhaisnéis 59

14. Cosaint Leanaí 60

Aguisín 1: Imscrúduithe GSOC idir lámha 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán) 61

Aguisín 2: Próifíl na nGearánach in 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán) 62

Aguisín 3: Inscne agus Céim na nGardaí ab Ábhar Gearán in 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán) 66

Aguisín 4: Scaipeadh Geografach Gearán agus Líomhaintí 67


Gluais Téarmaí agus Giorrúchán 69



Thar ceann Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil don tréimhse 1 Eanáir 2025 go 1 Aibreán 2025 a chur i láthair. Tugtar mionsonraí sa tuarascáil seo faoinár ngníomhaíochtaí sa chéim chríochnaitheach den aistriú chuig Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

Is mian leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil lenár bhfoirne, comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara go léir as an tacaíocht agus díograis leanúnach a thug siad thar na blianta. Táim ag tnúth le blianta eile de chomhoibriú agus rannpháirtíocht mar an Ombudsman Póilíneachta.

**Emily Logan**
**An tOmbudsman Póilíneachta**



# 1
# RÉAMHRÁ

# 1. RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo agus cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i gcomhréir le hAlt 80 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

## Ról agus Feidhmeanna GSOC

Gníomhaireacht neamhspleách reachtach ab ea Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) a cuireadh ar bun in 2007 faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 ('an tAcht' ina dhiaidh seo). Bhí sé mar fheidhm ag GSOC déileáil le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, agus cothrom.

Phléigh GSOC le gearáin a rinne daoine den phobal maidir le hiompar comhaltaí den Gharda Síochána, bíodh na líomhaintí ag baint le ceisteanna coiriúla nó le ceisteanna araíonachta. Ina theannta sin, stiúir GSOC imscrúduithe neamhspleácha ar nithe arna dtarchur chuige ag an nGarda Síochána, ag an Aire Dlí agus Cirt nó ag an Údarás Póilíneachta, nó ar nithe a mheasann GSOC gur ceart iad a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail. Mínítear na gnéithe éagsúla seo de shainchúram GSOC go mion sa tuarascáil seo, agus tugtar cuntas mionsonraithe ar an gcaoi a seachadadh sainchúram GSOC sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025.

Tugtar mionsonraí sa tuarascáil seo faoi roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí a rinne GSOC sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025 chun ullmhú don aistriú chuig an ngníomhaireacht chomharba, Fiosrú.

## Ár bhFís, Misean agus Luachanna

### Ár bhFís


Bhí Fís againn de mhaoirseacht póilíneachta den scoth bunaithe ar chearta an duine, a théann chun póilíneacht iontaofa agus sochaí shlán sábháilte a chinntiú.

### Ár Misean

córas neamhspleách, ardcháilíochta a bhfuil iontaoibh as a sholáthar chun plé le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, ar bhealach a léiríonn meas ar chearta an duine agus a chuireann muinín an phobail asainn chun cinn.

**Bhí ár luachanna** ag croílár gach a ndearnamar agus thug siad treoir dár gcur chuige ar ár modh oibre. Thug siad bonn faisnéise dár gcinntí agus don tslí ar chaitheamar lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár gcomhghleacaithe.

Taispeántar thíos na croí-luachanna sin agus a gciallaíonn siad dúinn:



# 2
# AISTRIÚ CHUIG FIOSRÚ, OIFIG AN OMBUDSMAN PÓILÍNEACHTA: PLEANÁIL, ULLMHÚ AGUS CAIDREAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA

# 2. AISTRIÚ CHUIG FIOSRÚ, OIFIG AN OMBUDSMAN PÓILÍNEACHTA: PLEANÁIL, ULLMHÚ AGUS CAIDREAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA

## 2.1 Reachtaíocht nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail

Foilsíodh an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 2024 (an tAcht PSSP as seo amach), agus síníodh ina dhlí é i mí Feabhra 2024. Déantar foráil san Acht do go leanfaidh GSOC ar aghaidh mar Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta agus méadaítear cumhachtaí reatha agus neamhspleáchas GSOC.

Thug GSOC a bharúlacha faoin Acht PSSP, 2024 agus é ag dul trí Thithe an Oireachtais agus chuir sé fáilte roimh na hathruithe a mbeidh tionchar dearfach acu ar struchtúr formhaoirseachta póilíneachta na hÉireann, i gcomhréir le fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta (CoFPI).

Seo a leanas príomhchuspóirí reachtacha Fiosrú:

a) cur le muinín an phobail as na próisis chun gearáin a dhéanann an pobal a réiteach agus as imscrúduithe,
b) feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar ról agus feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta,
c) a chinntiú go ndéantar a fheidhmeanna ar bhealach tráthúil, éifeachtúil agus éifeachtach agus de réir nósanna imeachta cothroma, agus
d) taighde agus anailís a dhéanamh chun treochtaí agus patrúin i ngearáin agus imscrúduithe a shainaithint.

Leagtar amach roinnt athruithe móra don eagraíocht athchóirithe san Acht PSSP maidir le rialachas, cumhachtaí agus neamhspleáchas, lena n-áirítear:

- Athrú ó shamhail reatha an Choimisiúin ina ndéanann triúr an rialachas go dtí Ombudsman amháin, in éineacht le Leas-Ombudsman agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá an tOmbudsman Póilíneachta neamhspleách agus a feidhmeanna á ndéanamh aici, agus tabharfaidh sí cuntas go díreach chuig an Oireachtas;
- tuilleadh neamhspleáchas airgeadais trí chomhlacht a mbíonn vóta aige (Vóta 46) a dhéanamh de Fiosrú, arna mhaoiniú go díreach ón Oireachtas. Is é an POF an tOifigeach Cuntasaíochta agus tabharfaidh cuntas don Oireachtas trí Choiste na gCuntas Poiblí;
- maidir le himscrúduithe, leathnófar an léirmhíniú ar 'iompar is cúis le díobháil thromchúiseach' chun cionta gnéis agus mí-úsáid cumhachta chun críche gnéis a chur san áireamh;
- feidhm um athbhreithniú reachtúil a thabhairt isteach, lena dtugtar an ceart do ghearánaigh chun athbhreithniú a fháil i gcúinsí áirithe sainithe.

## 2.2 An Chéim Dheireanach den Aistriú chuig Fiosrú

Chuir GSOC an chéim dheireanach á aistriú chuig Fiosrú – Oifig an Ombudsman Póilíneachta i gcrích in 2025.

Ba iad cuspóirí chlár aistrithe GSOC:

1. GSOC a ullmhú don aistriú chuig Fiosrú trí na taisc uile a sainaithníodh mar ríthábhachtach chun an eagraíocht a chur ar bun, agus
2. a chinntiú go raibh Fiosrú ullamh, lá a thosach feidhme, chun a shainchúraimí a sholáthar faoin Acht PSSP, 2024.

Tar éis tús a chur le gníomhaíocht i mí Iúil 2021, géaraíodh obair GSOC ar an gclár chun aistriú chuig Fiosrú sna míonna tosaigh de 2025. Sainmhíníodh os cionn 300 tasc mar ríthábhachtach don chur i bhfeidhm agus idir Eanáir agus Márta 2025, cuireadh dlús leis an obair lena chinntiú go mbeadh gach rud ullamh do lá a thosach feidhme.

> Ba cheart a thabhairt faoi deara gur thogra nach beag d'eagraíocht ar bith é aistriú den mhéid agus den chineál seo a dhéanamh

I measc roinnt píosaí tábhachtacha oibre a tugadh chun críche, a cuireadh i bhfeidhm nó a ceadaíodh sna míonna deiridh den chlár chun ullmhacht don chéad lá ar an bhfód ag Fiosrú bhí:

- plean cur chun feidhme don aistriú ó GSOC go Fiosrú,
- forbairt ar phróisis, treoirdhoiciméid, litreacha agus foirmeacha chun an reachtaíocht nua a léiriú,
- oiliúint mhór don fhoireann faoin reachtaíocht nua agus faoi na próisis chomhfhreagracha nua,
- athraíodh an suíomh gréasáin agus na córais ríomhphoist agus teileafóin chuig Fiosrú i gcomhréir leis an tosach feidhme,
- taighde margaidh faoi riachtanais na ndaoine is gá idirghníomhú le Fiosrú,
- suirbhé ar dhearcthaí an phobail faoi athruithe ar chleachtais agus nósanna imeachta,
- feabhsú an chórais bhainistíochta chun cuntasacht níos láidre faoin Acht PSCS 2024 a chumasú,
- gach socrú ba ghá chun Vóta Fiosrú a bhainistiú,
- Brandáil agus comharthaí Fiosrú a chur i bhfeidhm de réir mar ba chuí.

Dé Céadaoin an, 2 Aibreán 2025, shínigh an tAire Dlí agus Cirt na horduithe um Thosach Feidhme don Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024, lenar aisghaireadh Acht an Gharda Síochána 2005, agus lenar cuireadh Fiosrú i bhfeidhm. Lá stairiúil a bhí ann, nuair a cheap an tUachtarán Michael D. Higgins Emily Logan mar an gcéad Ombudsman Póilíneachta in Éirinn ag searmanas foirmiúil in Áras an Uachtaráin.

Faoin lá tosach feidhme, bhí 312 thasc ríthábhachtach as an 316 thasc sa chlár aistrithe tugtha chun críche, rud a d'fhág an clár beagnach 99% tugtha chun críche. Bhí tús curtha leis an gceithre thasc eile, a bhí ag brath ar chúinsí seachtracha a d'fhág nárbh fhéidir iad a thabhairt chun críche roimh an lá tosach feidhme.


Ba cheart a thabhairt faoi deara gur thogra nach beag d'eagraíocht ar bith é aistriú den mhéid agus den chineál seo a dhéanamh. Bhí roinnt mhaith dúshlán ag baint le haistriú GSOC chuig Fiosrú, go háirithe maidir le hacmhainní agus an gá leis na gnáthleibhéil seirbhísí agus gníomhaíochtaí gnó a choinneáil ar bun, agus ullmhú ag an am céanna do Fiosrú. A bhuí leis an obair chrua a rinne gach duine a bhí páirteach ann, sháraigh GSOC na dúshláin sin go héifeachtach agus rinneadh an t-aistriú go réidh agus go rathúil.

Tá tús curtha leis an gcéad chaibidil eile den fhormhaoirseacht póilíneachta, mar Fiosrú.

## 2.3 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Chomh maith leis an Acht a phlé leis an Roinn Dlí agus Cirt, a Garda Síochána agus comhghleacaithe i ngníomhaireachtaí eile, lean GSOC ar aghaidh ag leathnú a Chaidreamh le Páirtithe Leasmhara – sa bhaile agus thar lear – sa chéad ráithe de 2025. Cuid riachtanach dár n-ullmhúchán don aistriú agus don athchóiriú é sin, agus ligeann sé dúinn ár dtosaíochtaí straitéiseacha don todhchaí a chur in iúl don lucht déanta beartas, don tsochaí shibhialta agus don phobal i gcoitinne. Thug sé deis thar a bheith luachmhar dúinn freisin chun eolas agus taithí a chomhroinnt le comhghleacaithe i ndlínsí eile. Beidh straitéis níos réamhghníomhaí agus níos leithe de chaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara mar chuid lárnach d'obair Fiosrú de réir mar a ndéanfar forbairt air.


Fiosrú
Oifig an
Ombudsman
Póilíneachta
Office of
the Police
Ombudsman



# 3
# TUARASCÁIL FAOI DHUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

# 3. TUARASCÁIL FAOI DHUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Gné lárnach d'fhís GSOC ab ea meas a léiriú ar Chearta an Duine agus Comhionannas. An chroífheidhm a bhí ag GSOC ná plé le gearáin faoi mhí-iompar féideartha ag comhaltaí an Gharda Síochána ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom.

Agus GSOC ag láimhseáil gearán, ag láimhseáil tarchur agus i mbun imscrúduithe, pléadh le cearta raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gearánaigh, Gardaí, an pobal níos leithne agus ár bhfoireann féin. De bharr an cineál oibre a rinne GSOC, ba ghá cloí go docht le cearta bunúsacha mar bhonn taca léi, go háirithe cearta gearánach cúiteamh a lorg as mí-iompar líomhainte, ina measc iad siúd atá ina n-íospartaigh coireachta tromchúisí, nó daoine lena mbainfeadh cineálacha éagsúla leochaileachta nó míbhuntáiste; agus cearta nós imeachta na ndaoine faoi imscrúdú.

Ag croílár na seirbhísí a chuireamar ar fáil bhí cothromas rochtana agus comhionannas sa tslí a gcaitheadh le gach duine. Thuigeamar go maith an ról a bhí againn mar chuid de na hoibleagáidí níos leithne atá ar an Stát faoi Airteagail 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, go háirithe i gcomhthéacs ár n-imscrúduithe ar theagmhais a bhain le bás agus díobháil thromchúiseach arna dtarchur chugainn faoi Alt 102 d'Acht 2005.

I measc na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas a ndíríomar orthu bhí:

- Caidreamh oscailte agus trédhearcach lenár bpáirtithe leasmhara;
- A chinntiú go raibh an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoi na caighdeáin um chearta an duine atá mar bhonn taca le hobair GSOC;
- Inrochtaineacht ár bhfeidhmeanna agus ár seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear trí ghníomh dearfach chun caidreamh a dhéanamh le grúpaí éagsúla;
- Dínit agus folláine na foirne a chosaint; agus
- Tógáil ar éagsúlacht ár bhfórsa saothair.

Le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, cuireadh oibleagáid ar GSOC a chinntiú go mbeidh an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoin oibleagáid atá orthu cearta an duine do chách a chosaint agus a chaomhnú. In 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán), leanamar leis an dul chun cinn mór a bhí déanta maidir le hoiliúint agus oideachas i gcearta an duine dár bhfoireann.

Bhí deis ag baill foirne GSOC tús a chur lena gcuid stáidéir mar chuid de chlár creidiúnaithe a forbraíodh i gcomhar le hOllscoil Luimnigh, as a lean Teastas Iarchéime i bhFormhaoirseacht ar Fhorfheidhmiú an Dlí. Cláraíodh caoga (50) ball foirne sa chéad mhodúl den chlár sin, Réamheolas faoi Fhormhaoirseacht ar Fhorfheidhmiú an Dlí. Bhí léachtaí faoi Chearta an Duine agus Póilíneacht, agus Cur Chun Feidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine sa mhodúl.

Lean GSOC d'fheabhas a chur ar oscailteacht agus trédhearcacht ár gCaidrimh le Páirtithe Leasmhara sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025, lena n-áirítear trí chaidreamh gníomhach leis an tsochaí shibhialta agus leis an lucht déanta beartas. Leanadh leis an obair chun straitéis athnuaite cumarsáide agus caidrimh a fhorbairt le haghaidh Fiosrú.

Tá cearta an duine agus comhionannas ag croílár ár mbeartas agus nósanna imeachta inmheánacha i gcónaí, agus rinneadh scrúdú orthu d'fhonn iad a athbhreithniú i gcomhthéacs aistriú GSOC chuig Fiosrú.

Ba thosaíocht i gcónaí do GSOC é, le linn an aistrithe, feabhas a chur ar inrochtaineacht ár gcumarsáide poiblí agus ár seirbhísí, ar líne agus ar an láthair. D'aithníomar freisin an tábhacht a bhaineann le sonraí inrochtana agus imdhealaithe um chearta an duine agus comhionannas a ghiniúint, chun bearnaí i gcosaint ceart a shainaithint agus chun treochtaí agus patrúin a shainaithint. Tá obair déanta againn lena chinntiú go mbeidh sonraí imdhealaithe leordhóthanacha ar fáil i bhFiosrú chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach.

Is croí-thosaíocht dúinn a chinntiú go mbeidh na huirlisí ag Fiosrú chun sonraí imdhealaithe um chearta an duine agus comhionannas a ghabháil, a fhiosrú agus a roinnt, agus pleananna á mbrú chun cinn againn le haghaidh Chóras Bainistíochta Cásanna nua chun freastal ar riachtanais ár bhfeidhmeanna agus ár sainchúram méadaithe.

Bhí GSOC bródúil i gcónaí as a fhórsa saothair fuinniúil agus éagsúil. Rinne GSOC ceapacháin tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a fheidhmíonn beartas comhdheiseanna. Agus GSOC ag aistriú chuig Fiosrú, bhíomar tiomanta fás a dhéanamh ar bhealach a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh éagsúlacht ár bhfórsa saothair agus a chinntiú go léireoidh sé éagsúlacht an phobail dá soláthraímid seirbhís.






# 4
# ÁR DTIOMANTAS DON INBHUANAITHEACHT

# 4. ÁR DTIOMANTAS DON INBHUANAITHEACHT


## Dlús a chur le hÁit Oibre Níos Glaise

Tá inbhuanaitheacht ag croílár GSOC i gcónaí, agus éifeacht aici ar an tslí a n-oibrímid, a ndéanaimid nuáil agus a laghdaímid ár dtionchar ar an gcomhshaol. Sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025, leanamar dár n-iarrachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí a laghdú ar fud na heagraíochta.

Cuireadh tús le caibidil spreagúil nua don bhFoireann Ghlas ag tús 2025 nuair a cuireadh béim as an nua ar rannpháirtíocht na foirne agus inbhuanaitheacht i ngníomh agus sinn ag ullmhú don aistriú chuig Fiosrú. Sheolamar feachtas rathúil chun baill nua earcú chuig an bhFoireann Ghlas, agus mhol na baill nua sin raon smaointe agus tosaíochtaí don bhliain amach romhainn. Chuamar i gcomhairle le baill foirne ar fud na heagraíochta freisin agus tograí nuálacha a mbeidh tionchar acu á lorg againn dár gclár inbhuanaitheachta.

I mí Feabhra, rinne an Fhoireann Ghlas Measúnú agus Iniúchadh Fuinnimh Taobh Amuigh de Ghnáthuaireanta Oibre. Baineadh úsáid as póstaeir shuntasacha a thug aiseolas soiléir don fhoireann i bhfoirm íomhánna maidir leis an méid fuinnimh atá á úsáid againn agus an chaoi a bhféadfaimid é sin a fheabhsú. Chabhraigh an measúnú agus an t-iniúchadh le feasacht a mhúscailt faoin úsáid fuinnimh san oíche agus ar an deireadh seachtaine, agus léirigh siad na hathruithe beaga a bhfuil sábháil mhór fuinnimh in ann teacht astu. Rinneamar suirbhé ar an bhfoireann i mí an Mhárta, chun an Uair ar son an Domhain a chomóradh, maidir leis na nósanna atá acu ó thaobh soilse agus trealamh a mhúchadh. Tá na torthaí á n-úsáid againn mar bhonn eolais dár n-iarrachtaí leanúnacha chun tosaíocht fheiceálach agus chomhroinnte a dhéanamh den éifeachtúlacht fuinnimh.

I gcomhthráth le tionscnaimh faoi stiúir na foirne, rinne ár gComhairleoir Fuinnimh iniúchadh mionsonraithe ar an gCóras Bainistíochta Foirgneamh chun deiseanna le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a shainaithint. Rinneadh athbhreithniú ar rialtáin téimh agus aerála i bpríomhchodanna den fhoirgneamh san iniúchadh, chun feidhmíocht agus éifeachtúlacht a uasmhéadú, chun cabhrú leis an gcomhlacht nua, Fiosrú, a spriocanna maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Astaíochtaí 2030 a bhaint amach.



# 5
# RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

# 5. RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

## 5.1 Rialachas agus Struchtúr

Cuireadh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ar bun faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú. Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach in Alt 67 den Acht.

### 5.1.1 An Coimisiún Ombudsman

Bhí An Coimisiún Ombudsman comhdhéanta de thriúr comhaltaí a cheap an tUachtarán tar éis a n-ainmnithe ag an Rialtas agus tar éis rúin a bheith rite tríd an dá Theach den Oireachtas ag moladh go gceapfaí iad. Ceapadh duine de chomhaltaí an Choimisiúin Ombudsman mar Chathaoirleach.

In 2025, bhí An Coimisiún Ombudsman comhdhéanta de:

- Rory MacCabe, SC (Cathaoirleac)
- Emily Logan, Uasal

### 5.1.2 Rialachas

Cé go raibh An Coimisiún Ombudsman freagrach i dteannta a chéil eas ceannaireacht ar fud na heagraíochta, rinneadh foráil le hAlt 67(5) go raibh freagracht uathúil ar chathaoirleach an Choimisiúin chun bainistiú agus rialú ginearálta a dhéanamh ar oifigigh, riarachán agus gnó an Choimisiúin a.

### 5.1.3 Freagrachtaí agus Cuspóirí

Rinneadh foráil le hAlt 67(5) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 go ndéanfadh cathaoirleach an Choimisiúin bainistiú agus rialú ginearálta ar oifigigh, riarachán agus gnó an Choimisiúin Ombudsman.

Mar aon lena fheidhmeanna agus cuspóirí reachtacha, áiríodh i measc a fhreagrachtaí chomh maith:

- Rath GSOC a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí GSOC a threorú agus a stiúradh;
- Treoir straitéiseach a chur ar fáil do GSOC agus monatóireascht agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna tairmligthe ag an am céanna;
- Athbhreithniú agus stiúradh a dhéanamh ar:
  - → treoir straitéiseach,
  - → mórphleananna gníomhaíochta,
  - → beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca,
  - → buiséid agus pleananna gnó bliantúla,
  - → cuspóirí feidhmíochta a leagan amach,
  - → monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus feidhmíocht, agus
  - → formhaoirseacht ar chinntí móra faoi chaiteachas caipitil
- gníomhú ar bhonn lánfheasach agus eiticiúil, go hionraic, le díograis agus cúram cuí agus ar mhaithe le GSOC, faoi réir ag na cuspóirí arna leagan síos ag an Rialtas;
- forbairt chumas GSOC a chur chun cinn, lenar áiríodh cumas a lucht ceannais agus a lucht foirne, agus
- an lucht bainistíochta sinsearach a thabhairt chun cuntais maidir le feidhmiú éifeachtach a ndualgais agus a bhfreagrachtaí tarmligthe.

Is faoin gCoimisiún a bhí raon príomhchinntí, ina measc cinntí maidir le:

- tionscadail chaipitil a fhaomhadh;
- Leibhéil údaráis tharmligthe, beartais bainistíochta airgeadais agus beartais bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm;
- Éadálacha, diúscairtí agus diúscairt sócmhainní GSOC a fhaomhadh;
- Buiséid bhliantúla a fhaomhadh;
- Dearbhuithe a thabhairt maidir le comhlíonadh cheanglais reachtúla agus riaracháin i ndáil le líon, grádú agus coinníollacha ceapacháin na foirne uile a fhaomhadh;
- Straitéis na heagraíochta a leagan amach; agus
- Tuarascálacha Bliantúla agus cuntais a fhoilsiú.

### 5.1.4 Cruinnithe an Choimisiúin Ombudsman

D'oibrigh an Coimisiún Ombudsman i ndlúthchomhar leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí, agus rinne sé idirchaidreamh le príomhphearsanra den bhainistíocht shinsearach i ndáil le gearáin agus imscrúduithe ó lá go lá. Ina theannta sin, thionól an Coimisiún Ombudsman cruinnithe foirmiúla le bainistíocht shinsearach GSOC ar bhonn tréimhsiúil chun a dhualgais reachtúla rialachais agus oibríochtúla a chomhlíonadh. Tionóladh cruinniú foirmiúil amháin den sórt sin sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025.

**Tábla A: Attendance at Formal Cruinnithe an Choimisiúin Ombudsman sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025**

| Freastal ar Chruinnithe Foirmiúla den Choimisiún Ombudsman sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025 | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Líon cruinnithe ar ar freastalaíodh** |
| An Breitheamh Rory MacCabe | Cathaoirleach | 1 |
| Emily Logan Uas. | Coimisinéir | 1 |
| Sheila McClelland Uas. | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ainmnithe | 1 |
| An tUas. Peter Whelan | Stiúrthóir Imscrúduithe agus Oibríochtaí | 1 |
| An tUas. Peter Hogan | Leas-Stiúrthóir Riaracháin | 1 |

### 5.1.5 An Fhoireann Shinsearach Bainistíochta

Bhí an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta, agus iad ag tuairisciú don Choimisiún, freagrach as bainistíocht na heagraíochta ó lá go lá.

Le linn 2025, bhí na hoifigigh seo a leanas ar an bhFhoireann Shinsearach Bainistíochta:

- Sheila McClelland Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ainmnithe
- An tUas. Peter Whelan, Stiúrthóir Imscrúduithe agus Oibríochtaí
- Aileen Healy Uas., Stiúrthóir Riaracháin[1]
- An tUas. Peter Hogan, Leas-Stiúrthóir Riaracháin
- An tUas. Garrett Croke, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
- An tUas. Jon Leeman, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
- An tUas. David Grant, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
- An tUas. Darren Wright, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
- Edel Gilligan Uas., Ceann Dlí

1. D'fhág Aileen Healy GSOC in Eanáir 2025

## 5.2 Airgeadas

Maoiníodh GSOC trí sholáthar deontais bhliantúil ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt. Ba é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta agus don mhaoiniú a sholáthraítear don Choimisiún.

Ceanglaíodh ar GSOC faoi Alt 77 den Acht gach cuntas is cuí agus is gnáth a choimeád ar an airgead a fuair sé agus a chaith sé, i pé foirm a bhí faofa ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Bhí an Coimisiún freagrach as taifid leordhóthanacha cuntasaíochta a choimeád lena nochtar, go réasúnta cruinn am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. An Cathaoirleach a bhí freagrach as ullmhúchán cuntas GSOC.

### 5.2.1 Caiteachas

Chinntigh an Coimisiún Ombudsman gur chomhlíon GSOC an Cód Caiteachais Phoiblí go hiomlán le linn na tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.

**Tábla B: Caiteachas GSOC sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025**

| Catagóir | Buiséad (01 Ean - 01 Aib 2025) € | Fo-cheannteideal Caiteachais | Caiteachas (01 Éan - 01 Aib 2025) € |
|---|---|---|---|
| Pá | 3,668,466.04 | A01 – Pá & Liúntais | 3,468,130.79 |
| Neamhphá | 1,444,858 | A02 - Taisteal & Cothabháil | 39,255.01 |
| | | A03 – Costais Theagmhasacha | 444,623.60 |
| | | A04 - Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide | 25,051.87 |
| | | A05 - Trealamh Oifige & Soláthairtí Oifige Eile | 504,120.15 |
| | | A06 – Costais Oifige & Áitribh | 542,992.36 |
| | | **Total Neamhphá** | **1,556,042.99** |
| **Iomlán** | **5,113,324.04** | | **5,024,173.78** |

### 5.2.3 Príomhphearsanra bainistíochta

B'ionann iomlán na dtuarastal a d'íoc Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le príomhphearsanra bainistíochta agus €886,802.

### 5.2.4 Táillí nár bhain le Tuarastal

Níor íocadh aon táillí nár bhain le Tuarastal le comhaltaí Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025.

### 5.2.5 Sochar fostaithe

Léirítear sa tábla thíos an líon fostaithe ar thit an sochar fostaithe a íocadh le sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025 laistigh de na bandaí pá seo a leanas (áirítear tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra):

**Tábla C: Miondealú ar shochar fostaithe**

| Raon | | Líon Fostaithe |
|---|---|---|
| **Ó – Go** | **01 Ean – 01 Aib 2025** | **2024** |
| €60,000 - €69,999 | 28 | 28 |
| €70,000 - €79,999 | 34 | 21 |
| €80,000 - €89,999 | 11 | 9 |
| €90,000 - €99,999 | 14 | 12 |
| €100,000 - €109,999 | 6 | 3 |
| €110,000 - €119,999 | 2 | - |
| €120,000 - €129,999 | 4 | 3 |
| €130,000 - €139,999 | - | 3 |
| €140,000 - €149,999 | - | - |
| €150,000 - €159,999 | - | - |
| €160,000 - €169,999 | 2 | 1 |
| €170,000 - €179,999 | 1 | - |
| €180,000 - €189,999 | 1 | 1 |
| €190,000 - €199,999 | - | - |
| €2000,000 - €209,999 | - | - |
| €210,000 - €219,999 | - | - |
| €220,000 - €229,999 | | - |
| €230,000 - €239,999 | - | - |
| €240,000 - €249,999 | - | - |
| €250,000 - €259,999 | - | 1 |
| €260,000 - €269,999 | 1 | - |

### 5.2.7 Comhairleacht, costais dlí agus socraíochtaí

Áiríodh le caiteachas sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025 an costas a bhain le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus comhairle dlí ghinearálta a fuair GSOC dar luach €52,579.35.[2]

## 5.3 Timpeallacht Rialaithe Inmheánach

### 5.3.1 Bainistíocht Cáilíochta

Leanadh le forbairt incriminteach a dhéanamh ar Bhainistíocht Cáilíochta, chun an creat riachtanach a chur ar bun lena chinntiú gur chomhlíon an eagraíocht a hoibleagáidí reachtúla agus rialachais agus go bhfuair úsáideoirí na seirbhísí idirchaidreamh ardcháilíochta.

### 5.3.2 Iniúchadh agus Riosca

Bhunaigh an Coimisiún a Choiste Iniúchta agus Riosca féin in 2022 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus rialúcháin inmheánacha san eagraíocht agus chun comhairle a chur ar an gCoimisiún i ndáil le ceisteanna iniúchta, rialachais agus riosca. Bhí beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gcoiste; duine amháin mar Chathaoirleach ar an gcoiste, agus comhalta den Choimisiún. Bhí taithí airgeadais atá ábhartha agus a fuarthas le déanaí ag comhalta amháin den choiste. Tháinig Coiste Iniúchta agus Riosca GSOC le chéile faoi dhó sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Aibreán 2025, an 26 Feabhra 2025 agus an 27 Márta 2025.

2. Maoiníodh an clár um an aistriú chuig Fiosrú go lárnach mar chuid de Chlár na Roinne Dlí agus Cirt um Cheartas Coiriúil. Dá bharr sin, is í an Roinn Dlí agus Cirt a thuairiscíonn costais aistrithe GSOC.


0.00
0.00
32,983.96
0.00
0.00
576.40

## Ráiteas um Rialú Inmheánach in GSOC 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán)

D'aithin cathaoirleach an Choimisiúin Ombudsman an fhreagracht seo trína chinntiú gur coinníodh córas éifeachtach rialachán inmheánach ar bun agus i bhfeidhm. Bhí ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Níor thug an córas rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán go raibh sócmhainní cosanta, go raibh idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndearnadh earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aithint go tráthúil. Bhí an Coimisiún sásta go raibh na córais a bhí ar bun aige réasúnta agus cuí do thosca an Choimisiúin i bhfianaise méid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus cineál oibríochtaí an Choimisiúin.

### Timpeallacht Rialaithe Inmheánach

Tá na céimeanna seo a leanas déanta chun timpeallacht rialaithe cuí a chinntiú:

- Sannadh caidrimh inmheánacha tuairiscithe go soiléir;
- Sannadh freagrachtaí bainistíochta agus cuireadh in iúl iad go soiléir idir an Stiúrthóir Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha agus an Fhoireann Airgeadais;
- Is faoi na bainisteoirí líne agus comhaltaí an Choimisiúin a bhí na cinntí maidir le caiteachas i gcomhréir le tairseacha faofa caiteachais;
- Baineadh leas as socruithe seirbhísí comhroinnte i ndáil le roinnt seirbhísí bainistíochta airgeadais agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar do GSOC:
  - → Chuir an Roinn Dlí agus Cirt seirbhís íocaíochta gníomhaireachta ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.
  - → Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt seirbhís íocaíochta gníomhaireachta ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.
  - → Chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchta inmheánaigh, coimeád clár sócmhainní seasta, ordaithe ceannachán agus comhdaithe cánach ar fáil.
- Fuarthas seirbhísí breise ó sholáthróirí seachtracha freisin, nuair ba ghá, chun na seirbhísí sin a fhorlíonadh;
- Cuireadh nósanna imeachta agus rialuithe airgeadais láidre ar bun agus fostaíodh cuideachta cuntasaíochta sheachtrach chun cuntais airgeadais GSOC a ullmhú;
- Tá córais ar bun ag GSOC chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus chun déileáil leis na rioscaí a tháinig i bhfeidhm le linn 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán), a mhéid ab fhéidir i bhfianaise na timpeallachta oibriúcháin.

I dteannta cruinnithe oibriúcháin gach seachtain agus cruinnithe um an Tionscadal Aistrithe gach mí, tháinig an Coimisiún Ombudsman le chéile go foirmiúil chun a fhreagrachtaí rialachais a chomhlíonadh roinnt uaireanta in 2025 (01 Ean – 01 Aib).

**Creat Riosca agus Rialaithe – Bainistíocht Riosca**

Tá próisis curtha ar bun ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó agus airgeadais a shainaithint agus a mheas trí Chlár Riosca agus Beartais Bainistíochta Riosca a chur ar bun chun:

- Cineál agus méid na rioscaí airgeadais agus oibriúcháin a shainaithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtarlódh rioscaí;
- Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcumas chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú;
- Scrúdú a dhéanamh ar rioscaí i gcomhthéacs spriocanna straitéiseacha;
- Bearta a chur ar bun chun rioscaí a mhaolú; agus
- Tuairisciú ar rioscaí a dhéanamh go rialta.

Áiríodh leis an gcóras bainistíochta riosca a bhí ar bun:

- Príomhoifigeach Riosca chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus chun an Coimisiún Ombudsman a choimeád ar an eolas faoi ardleibhéil riosca agus a maolaithe.
- Beartas Bainistíochta Riosca inar leagadh amach na próisis a bhí ar bun chun rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú;
- Clár Riosca ina raibh mionsonraí faoi rioscaí agus a maolaithe agus a coinníodh cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Leis an gclár sin, sainaithníodh rioscaí sonracha, mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun na rioscaí sin a mhaolú agus sannann freagracht as an maolú agus na rialuithe a oibriú;
- Grúpa Monatóireachta Riosca, a bhí freagrach as a chinntiú go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras Bainistíochta Riosca, i gcomhar leis an bhFoireann Shinsearach Bainistíochta agus leis an bPríomhoifigeach Riosca; agus
- Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Riosca chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht rioscaí agus rialuithe inmheánacha san eagraíocht agus chun comhairle a chur ar an gCoimisiún Ombudsman i ndáil le cúrsaí iniúchta, rialachais agus riosca.

Rinneadh forbairt ar an gcreat, beartas agus struchtúr a bhí i bhfeidhm ar an leibhéal oibriúcháin chun bogadh ar aghaidh chuig an gcéad leibhéal aibíochta eile trí iad a leabú ar fud na heagraíochta, agus iad a ailíniú le pleanáil straitéiseach agus gnó d'fhonn an eagraíocht a aistriú chuig  Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

Bunaíodh an Grúpa Monatóireachta Riosca in Aibreán 2023 agus tháinig na comhaltaí as gach cuid den eagraíocht. Tháinig an Grúpa le chéile gach ráithe. Rinne siad athbhreithniú ar an gclár riosca agus chinntigh siad go ndearnadh caidreamh rialta le páirtithe leasmhara ar fud na heagraíochta. Ba phróiseas atriallach a bhí sa bhainistíocht riosca trínar thug an Príomhoifigeach Riosca na rioscaí cothrom le dáta gach ráithe i gcomhar le hionaithe sa réimse gnó. Rinne an Grúpa Monatóireachta Riosca monatóireacht orthu agus rinne an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta, an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Coimisiún Ombudsman athbhreithniú orthu.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chóras rialuithe inmheánacha lenar áiríodh bainistíocht faisnéise, nósanna imeachta riaracháin agus córas tarmligthe agus cuntasachta.Is éard a bhí i gceist leis sin, go sonrach:

- Buiséadú cuimsitheach a chloínn le buiséad bliantúil a dhéanann an Bhainistíocht Shinsearach athbhreithniú rialta air;
- Tuarascálacha míosúla airgeadais a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Riaracháin lena mbreithniú; agus
- Athbhreithniú rialta ag an gCoimisiún agus ag Seirbhísí Corparáideacha ar fhaisnéis airgeadais;
- Cuireadh sásraí ar bun chun slándáil leordhóthanach fhaisnéis an Choimisiúin (go hinmheánach agus laistigh de GSOC) agus chórais teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú.

**Comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí**

Bhí nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún Ombudsman chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntiú, de réir mar atá siad leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Le linn na tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, chomhlíon GSOC na nósanna imeachta sin.

Déanfaidh Coiste Iniúchta agus Riosca Fiosrú athbhreithniú ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha ag an gcruinniú i Ráithe 4 chun comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm sa tréimhse tuairiscithe. Déanfaidh Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha le haghaidh 2025 (1 Eanáir - 1 Aibreán agus 2 Aibreán go 31 Nollaig 2025) agus déanfaidh an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an tOifigeach Cuntasaíochta breithniú air i Márta 2026.



Rory MacCabe, S.C.
Cathaoirleach




# 6
# CÚRSAÍ FOIRNE

# 6. CÚRSAÍ FOIRNE

## 6.1 Cúrsaí Foirne agus Struchtúr Eagrúcháin

De réir alt 71 (3) den Acht, ba Státseirbhísigh i seirbhís an Stáit iad oifigigh GSOC. Foráiltear le halt 71 (4) den Acht gurb é an Coimisiún Ombudsman an t-údarás cuí (laistigh de bhrí Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956 agus Achtanna Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 go 1996) i leith a chuid oifigeach.

Sholáthair an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (NSSO) sraith sheirbhísí AD, bainistithe feidhmíochta, riarachán párolla agus pinsean thar ceann GSOC faoi Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse.

Amhail ar an 01 Aibreán 2025, bhí 173 bhall foirne fostaithe ag GSOC, líon a léirigh méadú beirte i gcomparáid leis an líon ball foirne a bhí ann ag deireadh 2024.


Dhírigh Acmhainní Daonna go mór ar earacíocht sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025 chun folúntais agus ról nua a líonadh. Earcaíodh 5 bhall foirne nua go dtí an 01 Aibreán 2024. Bhí roinnt comórtas inmheánach ar bun freisin chun deiseanna ardú céime a thabhairt do na baill foirne a bhí ann cheana féin.
Léirítear struchtúr agus dáileadh acmhainní na heagraíochta amhair ar an 01 Aibreán 2025 i gCairt 1.

Bhunaigh GSOC beartais agus nósanna imeachta a ligeann dá bhaill foirne nochtadh a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní dhearnadh aon nochtadh faoin mbeartas sin sa tréimhse sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.

## 6.2 Foghlaim agus Forbairt


Bhí gníomhaíochtaí Foghlama agus Forbartha GSOC go léir sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán i gcomhréir leis an Straitéis um Fhoghlaim agus Forbairt 2021-2024 agus leis na riachtanais a sainaithníodh leis an bpróiseas bliantúil anailíse ar riachtanais foghlama. Leis an straitéis sin, léiríodh an bhéim a chuirimid ar chumais na heagraíochta a fhorbairt chun fís, misean agus torthaí straitéiseacha GSOC a bhaint amach. An aidhm a bhí ag GSOC ná a chinntiú go raibh an t-eolas, na scileanna agus an saineolas ag baill foirne GSOC a theastaigh uathu chun feidhmeanna reachtúla GSOC a chur i gcrích, ag teacht le dea-chleachtas. Rinneamar gach iarracht na cumais a thabhairt d'fhoireann GSOC chun freastal ar riachtanais na heagraíochta amach anseo agus chun gairmeacha beatha na foirne a thabhairt chun cinn.

**Cairt 1: Struchtúr eagrúcháin GSOC agus acmhainní foirne amhail ar an 01 Aibreán 2025**




Bhí infheistiú i bhfoghlaim agus forbairt na mball foirne ina phríomhthosaíocht do GSOC sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Bhaineamar é sin amach trí mheascán d'eispéiris foghlama i bhformáidí éagsúla lenar áiríodh:

- Deiseanna oideachais fhoirmiúil:
  - lár creidiúnaithe in Ollscoil Luimnigh (UL): Thosaigh 50 ball foirne an chéad leagan den mhodúl Réamheolas ar Fhormhaoirseacht ar Fhorfheidhmiú an Dlí in Ollscoil Luimnigh. Féadfaidh baill foirne a fhreastalaíonn ar an modúl sin agus ar na modúil a thiocfaidh ina dhiaidh Teastas Iarchéime i bhFormhaoirseacht ar Fhorfheidhmiú an Dlí a bhaint amach.
  - Forbairt Ceannaireachta: thosaigh an chéad ghrúpa ball foirne ar an leibhéal Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF)/ Oifigeach Imscrúdaitheach (OI) an Clár Ceannaireachta a bhí deartha i gcomhar leis an bhForas Riaracháin. Taobh amuigh de sin, bhí Oifigigh Shinsearacha Ainmnithe GSOC rannpháirteach sa chlár Forbairt Oifigeach Imscrúdaitheach Sinsearach (SIODP) i gColáiste Póilíneachta na Ríochta Aontaithe.
- Meantóireacht neamhfhoirmiúil:
  - Thosaigh GSOC clár meantóireachta trasearnála le hOifig an Ombudsman.
- Eispéiris foghlama sioncronacha (beo) agus aisioncronacha (seimineáir ghréasáin taifeadta agus ríomhFhoghlaim):
  - Mar ullmhúchán do thosach feidhme an Achta PSSP, 2024, d'fhreastail baill foirne ar sheisiúin ar an láthair agus ar líne faoi ghnéithe éagsúla den Acht PSSP, 2024 agus faoi Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha éagsúla a thacaíonn lena chur i bhfeidhm in Fiosrú.




- Freastal ar chomhdhálacha
- Comhpháirtíocht le comhlachtaí ábhartha um cheartas coiriúil, ionadaíocht, abhcóideacht agus tacaíocht d'íospartaigh, agus
- Comhroinnt eolais idir ball foirne trí sheisiúin chomhroinnte eolais agus tacaíocht neamhfhoirmiúil le comhghleacaithe.

Sainaithníodh riachtanais foghlama don tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025 trí anailís ar riachtanais foghlama ar leibhéal na heagraíochta agus na foirne. Rinneamar athbhreithniú ar na riachtanais aonair a sainaithníodh trínár gcóras bainistíochta feidhmíochta, ePMDS.

D'fhreastail 208 mball foirne GSOC ar 36 eispéireas foghlama beo le linn na tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Bhí méadú faoi dhó ar an ráta rannpháirtíochta i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024. Léirigh an méadú sin tuilleadh infheistíochta agus béim níos mó ar thacú le forbairt bhaill foirne GSOC, chomh maith lenár n-iarrachtaí chun an fhoireann a ullmhú do thosach feidhme an Achta PSSP, 2024. Léirigh an ardráta rannpháirtíochta an luach agus an tosaíocht a thugann na baill foirne agus an cheannaireacht san eagraíocht do dheiseanna.



# 7
# GEARÁIN

# 7. GEARÁIN

## An Chaoi a bhFaigheann agus a nImscrúdaíonn GSOC Gearáin

Leagtar amach in Ailt 83 go 101 den Acht an chaoi a ndéantar gearáin ina líomhnaítear mí-iompar ag an nGarda chuig GSOC. Caithfidh go mbeidh mí-iompar an Gharda, mar a chreideann tú, bheith imithe i gcion ort go díreach, caithfidh tú bheith i d'fhinné ar an mí-iompar líomhainte nó féadann tú gearán a dhéanamh thar ceann duine eile má tá toiliú faighte agat. Tá roinnt bealaí ann le gearáin a dhéanamh do GSOC, bíodh sé sin foirm ghearáin GSOC1 a chomhlánú ar líne, i scríbhinn, tríd an bpost, via r-phost nó via comhfhreagras ó stáisiúin na nGardaí.

### Inghlacthacht

Measúnaítear gach gearán a fhaigheann GSOC in aghaidh liosta de chritéir arna leagan amach in alt 87 den Acht. Leagtar amach sa liosta seo na critéir nach mór go sásódh gearán iad chun go gceadóidh GSOC é i gcomhair imscrúdaithe. Mura sásaíonn gearán na critéir ní cheadóidh GSOC é agus measfar nach bhfuil sé inghlactha.

Caithfidh gearán na critéir seo a leanas a shásamh chun go ndéanfar é a imscrúdú:

- Caithfidh go mbeidh sé déanta (nó, in imthosca áirithe, thar ceann) duine a bhfuil an iompraíocht is ábhar don ghearán imithe i gcion go díreach air, nó atá mar fhinné air;
- Caithfidh go mbainfidh sé le hiompraíocht ag comhalta den Gharda Síochána a bheadh ina chion coiriúil nó ina shárú ar araíonacht an Gharda dá gcruthófaí gur tharla sé;
- Caithfear é a dhéanamh laistigh de bhliain amháin tar éis an teagmhais is ábhar don ghearán;
- Ní cheadaítear dó a bheith suaibhreosach ná cráiteach;
- Ní cheadaítear dó bheith bainteach le stiúradh agus rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir na nGardaí;
- Ní cheadaítear dó bheith bainteach le hiompraíocht comhaltaí den Gharda Síochána nuair nach raibh an comhalta ar dualgas, mura rud é go dtarraingeodh an t-iompar a líomhnaítear, dá gcruthófaí gur tharla sé, míchlú ar an nGarda Síochána..

### Cineálacha Gearán

#### Coiriúil

Rinneadh imscrúdaitheoirí de chuid GSOC imscrúdú ar ghearáin ar bith a mbíonn líomhaintí de chineál coiriúil in aghaidh Gardaí i gceist leo, nó tá imscrúduithe den sórt sin fós idir lámha. Déantar imscrúduithe den saghas seo faoi alt 98 den Acht. Agus iad ag stiúradh imscrúduithe coiriúla, bíonn lánchumhachtaí póilíneachta ag imscrúdaitheoirí GSOC, ar aon chéim leis na cumhachtaí, díolúintí agus pribhléidí ar fad atá bronnta, agus na dualgais ar fad atá leagtha, ar chomhaltaí den Gharda Síochána.

Áirítear ar na cás-staidéir sna rannáin seo a leanas samplaí de roinnt imscrúduithe coiriúla.

#### Araíonacht

Imscrúdaíodh gearáin a fuair GSOC a bhain le sáruithe líomhainte ar araíonacht faoi Alt 94 nó 95 den Acht, 2005. Faoin reachtaíocht, imscrúdaíodh sáruithe araíonachta ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- → **Imscrúdaitheoirí GSOC féin a rinne** imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC. Tháinig imscrúdaithe den sórt sin chun cinn nuair a sainaithníodh ceisteanna araíonachta nó ceisteanna córasacha beartais le linn imscrúdaithe coiriúil agus nuair ba ghá na ceisteanna sin a fhiosrú go leithleach. Pléadh leo faoi Alt 95 den Acht, 2005.

- **Tarchuireadh imscrúduithe** gan mhaoirseacht chuig an nGarda Síochána lena n-imscrúdú agus bhainistigh Oifigigh Sinsearacha Imscrúdaithe den Gharda Síochána (GSIO) iad, mar a leagtar amach san Acht. Bhí imscrúduithe gan mhaoirseacht faoi réir ag sásraí athbhreithnithe má bhí an gearánach míshásta leis an toradh. Is féidir iarraidh a dhéanamh an t-imscrúdú a athbhreithniú faoi Alt 94(10) den Acht.
- Rinne comhalta ag céim Ceannfoirt sa Gharda Síochána **imscrúduithe faoi mhaoirseacht** agus mhaoirsigh GSOC iad.

Áirítear ar na cás-staidéir sna rannáin seo a leanas samplaí de roinnt imscrúduithe araíonachta.

**Tarchuir faoi Alt 102**
Rinneadh foráil le hAlt 102 den Acht d'imscrúdú neamhspleách ar aon ní inar cosúil go bhféadfadh sé go mbeadh bás nó díobháil thromchúiseach duine nó daoine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána.

**Imscrúduithe chun Leas an Phobail**
Rinneadh foráil le hAlt 102(4) den Acht, 2005 go ndéanfadh GSOC Imscrúduithe chun Leas an Phobail taobh amuigh de na ghnáthphróisis gearán nó tarchuir.

**Ár dTionscnamh Idirghabhála Áitiúla**
Bhí an Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla dírithe ar mhionghearáin ar leibhéal seirbhíse a réiteach ar an leibhéal áitiúil gan gá le himscrúdú foirmiúil. Ba ghnách gur bhain gearáin dá leithéid le líomhaintí faoi mhíchúirtéis nó teipeanna a mbeadh leibhéil níos ísle faillí sa dualgas i gceist leo. Faoin bpróiseas seo, rinne cigirí ainmnithe den Gharda teagmháil le gearánaigh a raibh sé curtha in iúl acu gur mian leo gabháil leis an tionscnamh, agus iarracht a dhéanamh an scéal a réiteach trí idirphlé. Díríodh ar an bhfadhb a réiteach seachas milleán a leagan ar dhaoine.

I gcás nár éirigh leis an idirghabháil, cuireadh an gearán ar ais chuig GSOC agus rinneadh measúnú i gcomhair inghlacthachta air.

Seoladh an tionscnamh chun an t-am a thógtar chun measúnú a dhéanamh ar ghearáin a laghdú, trí chásanna a shainaithint nach mbeadh sé chun tairbhe don ghearánach an t-imscrúdú a sheoladh faoi Alt 94 den Acht, 2005.

Bhí rannpháirtíocht mhaith ag an nGarda Síochána in Idirghabháil Áitiúil agus bhí tionchar dearfach aici ar Ghardaí, ar GSOC agus ar ghearánaigh, mar gheall gur chuir sí bealach níos éifeachtúla ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin ar leibhéal seirbhíse.

## Príomhfhíricí agus Figiúirí maidir le Gearáin sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025

### An Líon Fiosrúchán

Ba é Aonad Cásoibre GSOC a láimhseáil fiosrúcháin agus gearáin sa chéad ásc.

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, phléigh cásoibrithe le **1,005** fhiosrúchán. Ar dtús, taifeadadh gach teagmháil ar an gcóras mar 'fiosrúchán' go dtí go raibh a dhóthain faisnéise ann chun é a uasghrádú go dtí gearán agus measúnú a dhéanamh air i gcomhair inghlacthachta.

Fuair GSOC **682** ghlao chuig an uimhir íosghlao sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Freagraíodh thart ar **95.5 faoin gcéad** de na glaonna laistigh de 60 soicind.

## An Líon Gearán

Osclaíodh **352** ghearán sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. D'fhéadfadh níos mó ná líomhain amháin a bheith i ngearán. Bhí **443** líomhain ar leithligh sna 352 ghearán a fuarthas sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.

Ba iad na himthosca ba mhó as a d'eascair gearáin sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025 ná iompar Gardaí le linn gabhála (22%), le linn imscrúduithe a dhéanamh (15%) agus seirbhís do chustaiméirí (14%).

I measc na n-imthosca coitianta a ndearna daoine gearáin chuig GSOC fúthu bhí -

- **Seirbhís do Chustaiméirí** – Bhain sé sin leis an gcaoi ar chaith comhaltaí den Gharda le daoine agus iad ag plé leis an bpobal.
- **Gabháil** – Bhain sé sin le gearán ar bith a d'eascair as nó a bhain le gabháil. Ní gá gurbh é an gearánach an duine a gabhadh.
- **Imscrúdú** – Bhain sé sin le gearán ar bith faoi imscrúdú ag na Gardaí. Áiríodh ann, mar shampla, cáilíocht agus tráthúlacht an imscrúdaithe agus línte fiosrúcháin a bunaíodh.
- **Póilíneacht Bhóthair** – Bhain sé sin le gearán ar bith faoi chás bóthair nó tráchta a bhain leis na Gardaí.


**Tábla D: Dálaí na nGearán a Cinneadh ar an nGearán a Fháil (líon iomlán gearán: 352)**

| | Gearáin | % |
|---|---|---|
| Gabháil | 77 | 22% |
| Imscrúdú | 54 | 15% |
| Seirbhís do Chustaiméirí | 48 | 14% |
| Eile | 46 | 13% |
| Póilíneacht Bhóthair | 42 | 12% |
| Cuardach (duine / maoin) | 22 | 6% |
| Ceist Shibhialta | 13 | 4% |
| Póilíneacht Oird Phoiblí | 11 | 3% |
| Ceist Mhaoine | 10 | 3% |
| Imeachtaí Cúirte | 9 | 2% |
| Nochtadh Faisnéise | 7 | 2% |
| Teagmhas Baile | 7 | 2% |
| Le linn Coimeádta ag na Gardaí | 6 | 2% |

## Cinntí maidir le hInghlacthacht

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, fuarthas **352** ghearán. Measadh go raibh 237 (67%) inghlactha (ar a laghad líomhain inghlactha amháin iontu). Measadh go raibh 115 (33%) neamh-inghlactha.

**Cairt 2: Inghlacthacht Gearán (líon iomlán gearán: 497)**





## Cineálacha Gearán

**Tábla E: Cineálacha Líomhaintí i nGearáin ar Glacadh Leo - 237 ngearán inghlactha ina raibh 326 líomhain**


| | Líomhaintí | % |
|---|---|---|
| Faillí sa Dualgas | 114 | 35% |
| Cionta Neamh-mharfacha | 102 | 31% |
| Mí-úsáid Údaráis | 49 | 15% |
| Míchúirtéis | 26 | 8% |
| Damáiste Coiriúil | 9 | 3% |
| Sárú Tráchta ar Bhóithre | 8 | 2% |
| Eile | 8 | 2% |
| Iompar Díchreidiúnach | 3 | 1% |
| Falsacht nó Fiaradh Fírinne | 3 | 1% |
| Idirdhealú | 2 | 1% |
| Cionta Gnéasacha | 2 | 1% |

**Cairt 3: Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil (líon iomlán gearán ar glacadh leo lena n-imscrúdú: 237)**




Áiríodh ar na nithe coitianta a ndearna daoine gearán chuig GSOC fúthu:

- **Faillí sa Dualgas** – líomhaintí nár ghlac garda beart a mbeifeá ag súil go réasúnta leis – amhail glaoch ar ais ar dhuine ar thaobh amháin den scála nó imscrúdú ceart a dhéanamh ar chion tromchúiseach líomhnaithe ar an taobh eile – samplaí iad sin de 'Faillí sa Dualgas'.
- **Cionta Neamh-mharfacha** – líomhaintí faoi chion coiriúil arna liostú sa Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus áiríodh, mar shampla, ionsaí.
- **Mí-úsáid Údaráis** – úsáid iomarcacha bhaint as forneart, nó ordú rud éigin a dhéanamh a chreid an gearánach nach raibh sé d'údarás ag an nGarda é a ordú ab ea an príomhchineál líomhna faoin gcatagóir 'Mí-úsáid Údaráis'.
- **Míchúirtéis** – gearáin faoin gcaoi ar labhair Garda le duine nó ar chaith Garda le duine.



# 8
# IMSCRÚDUITHE DE BHUN GEARÁN: TORTHAÍ SA TRÉIMHSE 01 EANÁIR GO 01 AIBREÁN 2025

# 8. IMSCRÚDUITHE DE BHUN GEARÁN: TORTHAÍ SA TRÉIMHSE 01 EANÁIR GO 01 AIBREÁN 2025

## Forléargas ar Imscrúduithe

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025,

- Chuir GSOC 17 gcomhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí tar éis imscrúduithe coiriúla. Ciallaíonn sé sin gur mheas GSOC go bhféadfadh sé go ndearnadh cion coiriúil.
- Fuair GSOC 23 ordú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Astu sin, d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndéanfaí 2 chion a imscrúdú, a d'eascair as imscrúduithe a cuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2024. D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a dhéanamh i ndáil le 21 imscrúdú. Baineann an staitistic sin le 15 chomhad a chuir GSOC ar aghaidh in 2024 agus 6 chomhad a cuireadh ar aghaidh sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.
- An 01 Aibreán 2025, bhí 23 chás ag fanacht ar ordú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.
- Osclaíodh trí (3) Imscrúdú chun Leas an Phobail agus dúnadh péire (2).
- Bhí GSOC i láthair sa chúirt 35 uair i ndáil le hionchúisimh choiriúla. Rinne imscrúdaitheoir GSOC agus nó ionadaí dlí ionadaíocht ar GSOC sa chúirt.
- Bhí GSOC i láthair sa chúirt 22 uair i ndáil le cásanna sibhialta, mar shampla, Athbhreithnithe Breithiúnacha, Nochtadh Neamh-Pháirtí. Rinne imscrúdaitheoir GSOC agus nó ionadaí dlí ionadaíocht ar GSOC sa chúirt.
- Tar éis imscrúdú araíonachta a thabhairt chun críche, sheol imscrúdaitheoirí GSOC 15 thuarascáil chuig an nGarda Síochána inar moladh gur sáraíodh araíonacht i sé cinn de na himscrúduithe.
- Tharchuir Coimisinéir an Gharda Síochána cúig (5) smachtbhanna tar éis imscrúduithe araíonachta GSOC a thabhairt chun críche.
- Sheol GSOC 1 Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh (FLO) chuig teaghlach a bhí ag déileáil le bás agus/nó díobhálacha tromchúiseacha.
- Bhí imscrúdaitheoirí GSOC páirteach i 3 choiste cróinéara in 2025 (01 Eanáir – 01 Aibreán). Tugtar míniú níos mionsonraithe ar ról GSOC sa Chúirt Chróinéara ar leathanach 51.
- Fuarthas trí Nochtadh Cosanta seachtrach déag (13). Dúnadh 26 agus bhí 43 idir lámha amhail ar an 01 Aibreán 2025.

## 8.1 Fad Ama a Glacadh chun Imscrúduithe a Dhúnadh

### 8.1.1 Imscrúduithe Coiriúla

**Imscrúduithe Coiriúla**

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, dhún GSOC 148 ngearán a measadh mar inghlactha agus a imscrúdaíodh mar ábhar coiriúil ag céim éigin den phróiseas.

Chaith imscrúdaitheoirí GSOC 174 lá, ar an meán, ag imscrúdú an chuid choiriúil de na gearáin thuas.

**Imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC**

Rinne imscrúdaitheoirí GSOC imscrúduithe agus pléadh leo faoi Alt 95 den Acht, 2005.

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, dhún GSOC 27 ngearán a measadh mar inghlactha agus a imscrúdaíodh mar ábhar araíonachta faoi stiúir GSOC ag céim éigin den phróiseas.

Chaith imscrúdaitheoirí GSOC 295 lá, ar an meán, ag imscrúdú na gnéithe araíonachta de na gearáin thuas.

**Imscrúduithe gan mhaoirseacht agus faoi mhaoirseacht**

Rinne Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána (GSIOanna) imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, dhún GSOC 143 ghearán a measadh mar inghlactha agus a imscrúdaíodh mar ábhar araíonachta gan mhaoirseacht ag céim éigin den phróiseas.


Bhí 192 lá, ar an meán, i gceist leis an bpróiseas imscrúdaitheach gan mhaoirseacht.

Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána (GSIOanna) maoirseacht ar imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht.

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, dhún GSOC 11 ghearán a measadh mar inghlactha agus a imscrúdaíodh mar ábhar araíonachta faoi mhaoirseacht ag céim éigin den phróiseas.

Bhí 225 lá, ar an meán, i gceist leis an bpróiseas imscrúdaitheach faoi mhaoirseacht.

**Cairt 4: Meánmhéid Ama sa Chéim**



# Imscrúduithe de bhun Gearán: Cás-Staidéir 2025

## Imscrúduithe de bhun Gearán: samplaí de chásanna a raibh smachtbhannaí mar thoradh orthu

### CÁS-STAIDÉAR 1

Bhí an gearánach páirteach in imbhualadh tráchta bóthair. Dúirt an gearánach gur ghlaoigh sé ar an nGarda Síochána roinnt mhaith uaireanta agus gur sheol sé roinnt mhaith ríomhphost chun Tuarascáil Achomair a fháil ón nGarda Síochána maidir leis an imbhualadh. Cuireadh in iúl don ghearánach go ndéanfadh an Garda Síochána teagmháil leis, ach ní dheachaigh siad i dteagmháil leis. Glacadh leis an ngearán agus cuireadh ar aghaidh é lena imscrúdú, i gcomhréir le hAlt 94 (1) den Acht, 2005.

Le linn an imscrúdaithe faoi Alt 94 (1), fuair an tOifigeach Imscrúdaithe den Gharda Síochána (GSIO) go ndearna an comhalta den Gharda fíorbheagán céimeanna imscrúdaitheacha maidir leis an imbhualadh agus go raibh moill i gceist leis an Tuarascáil Achomair a sheoladh ar aghaidh. Fuair an GSIO amach freisin nár taifeadadh aon teagmháil leis an íospartach sa Tuarascáil faoi Imscrúdú ar Pulse agus nár cuireadh aon fhianaise ar fáil maidir le teagmháil leis an ngearánach.

Fuarthas go raibh "sárú" déanta ag an gcomhalta maidir leis na líomhaintí gur theip ar chomhalta den Gharda Síochána imscrúdú tráthúil a dhéanamh ar imbhualadh tráchta bóthair agus gur theip orthu tuarascáil achomhair a chur ar fáil. Tugadh iomardú don chomhalta. Fuair an GSIO freisin gur theip ar an gcomhalta freagra a thabhairt ar chomhfhreagras agus teachtaireachtaí gutháin, agus gur theip orthu aon nuashonrú a thabhairt maidir leis an gcás. Gearradh pionós airgeadais ar an gcomhalta.

## CÁS-STAIDÉAR 2

Rinne duine den phobal gearán le GSOC, inar líomhain sí gur bhris iníon a tiarna talún agus bean eile a geata agus gur bhris siad isteach sa teach a bhí ar cíos aici chun iniúchadh gan údarás a dhéanamh.

Líomhain an gearánach gur iontráil an bhean an teach in aghaidh a tola, gur thug sí íde béil di agus gur ionsaigh sí í go fisiciúil, rud ba chúis le díobháil. Líomhain an gearánach go raibh na Gardaí mífhoighneach agus drochbhéasach léi le linn an teagmhais. Líomhain sí gur sciob Garda a fón as a lámh agus gur bhagair an Garda go gcoinneoidís an fón mura dtabharfadh sí an pasfhocal dó. Líomhain an gearánach freisin gur bhris Gardaí a geata, gur iontráil siad an teach in aghaidh a tola agus gur dhiúltaigh siad glacadh lena tuairisc faoi ionsaí.

Glacadh leis an ngearán agus cuireadh ar aghaidh é lena imscrúdú i gcomhréir le hAlt 94 (1) den Acht, 2005. Le linn an imscrúdú faoi Alt 94 (1), ní bhfuair an tOifigeach Imscrúdaithe den Gharda Síochána (GSIO) aon fhianaise chun bunús a thabhairt leis an líomhain gur sciob aon chomhalta den Gharda Síochána fón an ghearánaigh ná gur cuireadh iallach uirthi pasfhocal a thabhairt ná go rabhthas drochbhéasach léi.

Fuair an GSIO taifeadadh físe den teagmhas. San fhíseán, bhíothas in ann na comhaltaí den Gharda Síochána a bhí i láthair a chloisteáil agus iad ag freagairt ceisteanna, ag cur comhairle ar an ngearánach agus ag míniú gur ghá ráiteas a thógáil sa stáisiún. Níorbh ann d'aon fhianaise chun bunús a thabhairt leis an líomhain gur dhiúltaigh Gardaí tuairisc a thógáil faoi "ionsaí, a teach a iontráil in aghaidh a tola agus a geata a bhriseadh". Seachas sin, rinneadh dhá ráiteas deonadh faoi rabhadh agus bhí siad san áireamh i gcomhad cuimsitheach imscrúdaithe chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Scoireadh den imscrúdú ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAlt 93 (1) (c) den Acht, 2005.

## CÁS-STAIDÉAR 3

Thug an gearánach tuairisc do chomhalta an Gharda Síochána tar éis do thríú páirtí bagairt orthu. Fuarthas ráiteas gearáin ón ngearánach agus cuireadh scannánaíocht CCTV den teagmhas ar fáil. Chuaigh an t-ábhar chun na cúirte.

Líomhain an gearánach, áfach, gur caitheadh amach an cás mar gheall nár roinn an comhalta den Gharda Síochána a bhí i mbun an imscrúdaithe fianaise CCTV leis an bhfoireann chosanta. Glacadh leis an ngearán agus cuireadh ar aghaidh é lena imscrúdú i gcomhréir le hAlt 94 (1) den Acht, 2005.

Tar éis an imscrúdaithe, fuair an tOifigeach Imscrúdaithe den Gharda Síochána (GSIO) go ndearna an Garda sárú araíonachta i gcúiseamh amháin i bhFaillí sa Dualgas. Tugadh foláireamh don Gharda.

### CÁS-STAIDÉAR 4

Rinne duine den phobal gearán le GSOC inar líomhnaíodh gur úsáid Gardaí roinnt mhaith fornirt ag cóisir sráide i mBaile Átha Cliath. Líomhain an gearánach go bhfaca sé Gardaí ag ionsaí daoine den phobal. Measadh an gearán mar inghlactha agus chuir GSOC tús le himscrúdú coiriúil.

Lorg imscrúdaitheoir GSOC scannánaíocht ó CCTV agus ceamara colainne, doiciméadacht agus tuairiscí ó chomhaltaí an Gharda Síochána. Bhí ráiteas gearáin de dhíth chun an gearán a rinne an duine den phobal a chur ar aghaidh. Dhiúltaigh an gearánach dul i mbun caidrimh le himscrúdaitheoirí, áfach, cé go ndearna siad roinnt mhaith iarrachtaí dul i dteagmháil leis.

Rinneadh athbhreithniú ar an ábhar uile a fuarthas ón nGarda Síochána agus níorbh fhéidir aon éagóir ag na Gardaí a shainaithint. Taifeadadh ócáid mhór le slua foréigneach sa scannánaíocht ón CCTV agus ón gceamara colainne. Chonacthas gabháil amháin sa scannánaíocht, a rinneadh le forneart réasúnach.

Ós rud é gur theip ar an ngearánach caidreamh a dhéanamh le GSOC, agus nárbh fhéidir imscrúdú fiúntach a dhéanamh gan comhoibriú ón ngearánach, dúnadh an cás faoi Alt 93(1) den Acht, 2005.

### CÁS-STAIDÉAR 5

Rinneadh tarchur faoi Alt 85 den Acht, 2005, tar éis imscrúdú den Gharda Síochána a rinne Ceannfort. Rinneadh an t-imscrúdú de bhun tarchur ó TUSLA arna spreagadh ag duine den phobal, a líomhain gur bhuail Garda a leanbh faoi dhó ar an droim le linn cuairte teaghlaigh.

Fuair imscrúdaitheoir GSOC an tuarascáil ar an imscrúdú ón nGarda Síochána agus rinneadh athbhreithniú uirthi. Cuireadh agallamh ar an ngearánach agus chuir Agallóirí Speisialtóra den Gharda Síochána agallamh ar an leanbh i Seomra Agallaimh Speisialtóra. Lorgaíodh cuntais ó fhinnéithe. Ní raibh aon scannánaíocht ó CCTV ná aon tuairisc liachta ar fáil. Chuir imscrúdaitheoirí GSOC an comhalta den Gharda Síochána faoi agallamh tar éis foláireamh a thabhairt dóibh. Shéan an comhalta na líomhaintí.

Seoladh comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus ordaíodh gan ionchúiseamh a dhéanamh ós rud é nárbh ann d'fhianaise leordhóthanach chun na líomhaintí a chruthú. Níorbh ann d'fhianaise gur sáraíodh Rialacháin (Araíonachta) an Gharda Síochána 2007. Dá bharr sin, dúnadh an cás.

**CÁS-STAIDÉAR 6**

Líomhain an gearánach go raibh sé ag tiomáint isteach ar an M50 nuair a chonaic sé feithicil den Gharda Síochána ag taisteal taobh leis. Bhrú sé ar bhonnán a chairr lena chur in iúl do na Gardaí go raibh sé ann, mar gur chreid sé go raibh an tiománaí ag úsáid gairis láimhe agus nach raibh sé ag tabhairt aird ar an mbóthar. Thug sé faoi deara freisin go raibh an dara Garda i suíochán an phaisinéara agus chreid sé go bhféadfadh seisean an gaireas a úsáid in ionad an tiomána.


Chuir tiománaí na feithicle de chuid an Gharda Síochána na soilse gorma agus an bonnán ar siúl agus thug comhartha don ghearánach tarraingt isteach. Bhí comhrá eatarthu agus chuir an dá pháirtí a thuairimí in iúl. Dúirt na Gardaí go raibh siad ag freagairt ar ghlaoch agus dá bharr sin go raibh siad díolmhaithe ón reachtaíocht um thrácht ar bhóithre maidir le srianta le gairis láimhe a úsáid. D'iarr siad ceadúnas tiomána agus cruthúnas ar árachas ón tiománaí.

Mhínigh an gearánach gur charr comhlachta a bhí ann agus thaispeáin sé teastas árachais comhlachta. Mheas na Gardaí nach raibh sé sin dóthanach agus d'iarr siad doiciméadacht bhreise a dhearbhódh go raibh sé ina thiománaí ainmnithe an an bpolasaí. Chuir sé sin moill ar chúrsaí agus d'fhiafraigh an gearánach cén chaoi a raibh an t-am ag na Gardaí é a stopadh má bhí siad ag freagairt do ghlaoch éigeandála.

Ag an agallamh a bhí socraithe chun a ráiteas a thaifeadadh, dúirt an gearánach gur oibrigh sé i bpóilíneacht bhóithre i Londain. Chuir sé imní in iúl maidir leis an díolúine ghinearálta a cheadaíonn do chomhaltaí den Gharda Síochána gairis láimhe a úsáid agus iad ag tiomáint, go háirithe sa chás go mbeadh paisinéir ann a d'fhéadfadh an tasc a dhéanamh agus ligean don tiománaí a aird iomlán a dhíriú ar an mbóthar.

Mhínigh oifigigh GSOC Alt 3 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2006, a sloinneann nach bhfuil feidhm ag Fo-alt (1) maidir le comhaltaí den Gharda Síochána, seirbhísí otharchairr ná briogáid dóiteáin atá i mbun dualgais agus fón póca ina lámh acu i ndáil leis an dualgas sin. Tar éis an mhíniú sin a fháil, roghnaigh an gearánach a ghearán a tharraingt siar.

# 9
# IMSCRÚDUITHE AR THARCHUR FAOI ALT 102 (BÁS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH)



# 9. IMSCRÚDUITHE AR THARCHUR FAOI ALT 102 (BÁS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH)

## Cén uair a dhéanann An Garda Síochána tarchur chuig GSOC?

Rinneadh foráil in Alt 102 den Acht d'imscrúdú neamhspleách ar aon ábhar inar cosúil go bhféadfadh sé go raibh bás nó díobháil thromchúiseach duine nó daoine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána. Bhí an fhoráil sin ina gné thábhachtach de chreat an Stáit lena ráthú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí atá air faoi Ailt 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Ba é Coimisinéir an Gharda Síochána a thugann an chumhacht chun tarchur do cheannfoirt, a raibh freagracht orthu as a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé cuí teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

## An chaoi a n-imscrúdaíonn GSOC ceisteanna faoi Alt 102

A luaithe a fhaigheann GSOC tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar. Féachaimid le freagairt go comhréireach don ábhar, de réir na gcúinsí. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht. Ar an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Ceanglaítear ar chomhlachtaí stáit na hÉireann, an Garda Síochána san áireamh, leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh "ar shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin".

Chun Airteagal 2 a chomhlíonadh, ba cheart, in imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad sin:

- Neamhspleáchas
- Leordhóthanacht
- Tráthúlacht
- Iniúchadh ag an bPobal
- Rannpháirtíocht Íospartach.


Tá na prionsabail sin i gcroílár chur chuige GSOC ar bhásanna a imscrúdú.

## Tarchuir a Fuarthas sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025

Fuair GSOC **9** dtarchur sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Fuarthas 37 in 2024, agus 35 in 2023.


Bhain seacht gcinn **(7)** de na tarchuir a fuarthas sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025 le básanna. Tá miondealú ar na himthosca thíos.

**Cairt 5: Imthosca na dTarchur (Líon iomlán Tarchur a Fuarthas: 9)**




- Bás (tar éis teagmháil le Garda) 3
- Teagmhas Tráchta ar Bhóthar (Neamh-mharfach) 1
- Bás (faoi choimeád) 1*
- Bás (tar éis bheith faoi choimeád ag Garda) 1
- Díobháil/Tinneas (tar éis teagmháil le Garda) 1
- Teagmhas Tráchta ar Bhóthar (Marfach) 1
- Bás (eile) 1

**Cairt 6: Cineálacha Imscrúduithe i dTarchuir (Líon iomlán Tarchur a Fuarthas: 9)**




- Imscrúdú Coiriúil ag GSOC (a.98) 1
- faoi stiúir GSOC Imscrúdú Araíonachta (a.95) 8

*Tabhair faoi deara: Áitítear le 'bás faoi choimeád' teagmhas inar bhásaigh duine san ospidéal ina dhiaidh sin.

# Imscrúduithe i ndiaidh Tarchur a Tugadh chun Críche sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025

Dúnadh 13 imscrúdú tar éis tarchur a fháil sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Fuarthas na himscrúduithe sin in 2025 agus i mblianta roimhe sin.

**Tábla F: Cineálacha imscrúduithe agus na torthaí orthu (imscrúduithe sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025)[3]**

| Cineál imscrúdaithe agus toradh | Cásanna |
|---|---|
| Gan gá le tuilleadh imscrúdaithe nó gan é bheith praiticiúil go réasúnta | 7 |
| Ísliú pá – ar feadh tréimhse nach mó ná coicís | 1 |
| Níor shainaithin Coimisinéir an Gharda Síochána aon sárú ar Rialacháin Araíonachta | 2 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – níor ordaíodh ionchúiseamh | 3 |
| **IOMLÁN** | **13** |

## RÓL GSOC SA CHÚIRT CHRÓINÉARA

Is oifigigh bhreithiúnacha neamhspleácha iad cróinéirí agus is é an ról atá acu ná cúis agus imthosca báis a chinneadh. Cróinéir an t-aon duine atá in ann ionchoisne a ordú. I gcás nach eol cad ba chúis le bás duine, nó i gcás bás a bhí foréigneach nó neamhghnách, déanfar ionchoisne, nó fiosrúchán dlí i leith an bháis.

Bhí róil ríthábhachtacha ag GSOC agus ag an gCróinéir maidir le básanna a imscrúdú in Éirinn, go háirithe i gcás ina raibh baint ag na básanna sin le Gardaí. I gcás ina mbásann duine in imthosca lena mbaineann Gardaí agus i gcás ina raibh teagmháil acu le Garda sular bhásaigh siad, tugtar fógra do GSOC láithreach agus féadfaidh siadsan ceannas a ghlacadh ar imscrúdú a dhéanamh ar an teagmhas.

Bhailigh GSOC fianaise, chuir siad agallaimh ar fhinnéithe, agus rinne siad measúnú ar cibé a bhí nó nach raibh gníomhartha an Gharda/na nGardaí iomchuí. Déanann an Cróinéir ionchoisne i leith bás ar bith lena mbaineann Gardaí, de ghnáth agus i gcás ina raibh teagmháil ag an duine a bhásaigh le Garda sular tharla an bás, go háirithe i gcás inar tharla an bás in imthosca amhrasacha nó foréigneacha. Déanann an Cróinéir athbhreithniú ar an bhfianaise a bhailíonn GSOC le linn a n-imscrúdaithe.


Cinneann an Cróinéir cúis an bháis agus is féidir le hionchoisne soiléire a thabhairt maidir le himthosca bhás duine. Rinne GSOC imscrúdú ar ghníomhartha na nGardaí agus rinne an Cróinéir imscrúdú ar chúis an bháis. Oibríonn an dá chomhlacht sin ar leithligh ach is féidir leo faisnéis a roinnt agus is féidir lena gcuid torthaí cur lena chéile.

Maidir le cásanna ionchoisne, d'ullmhaigh Oifigigh Ainmnithe GSOC tuarascáil imscrúdaithe don Chróinéir. Bhí éagsúlacht i gceist leis an ábhar i dtuarascáil Oifigigh Ainmnithe GSOC, ag brath ar chastacht an chás. Rinne an tOifigeach Ainmnithe idirchaidreamh leis an gCróinéir go luath san imscrúdú agus fuair amach cad é a bhí de dhíth. Rinneadh ráitis a thóg GSOC le linn an imscrúdaithe ar an mbás a thras-scríobh i bhfoirm teistíochtaí a bhí le léamh mar fhianaise ag an ionchoisne.

Chomh maith leis sin, chabhraigh GSOC leis an gCróinéir nuair ba ghá le riar an phróisis chun giúiré a roghnú. Bhí baint ag imscrúdaitheoirí GSOC le3 ionchoisne cróinéara in 2025 (01 Ean – 01 Aib).

Tabharfaidh Fiosrú cúnamh don Chúirt Chróinéara ina ról chun imthosca bás duine a chinneadh.

3. Seans go bhfuarthas tarchuir a dúnadh sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025 sa bhliain 2025 nó i mblianta roimhe sin.




# 10
# AONAD DLÍ GSOC: AG PLÉ LEIS NA CÚIRTEANNA

# 10. AONAD DLÍ GSOC: AG PLÉ LEIS NA CÚIRTEANNA

## Gníomhaíocht Dlí tar éis Imscrúdú Coiriúil

Mar a luadh sna codanna roimhe seo, rinne GSOC Imscrúduithe Coiriúla de bhun gearán agus tarchur, agus i gcomhthéacs imscrúduithe chun leas an phobail.

Ar an imscrúdú coiriúil a chur i gcrích, sa chás go raibh an GSOC den tuairim go bhféadfadh gur cion a bhí san iompar faoi imscrúdú, ullmhaíodh comhad agus seoladh é chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

Sa bhreis air sin, i gcás ina bhfuair duine bás agus é/í faoi choimeád an Gharda Síochána nó tar éis don duine éagtha bheith i dteagmháil le Gardaí, agus go raibh imscrúdú coiriúil déanta ag GSOC, bheadh comhad seolta ag GSOC chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun a oibleagáidí faoi Alt 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh. Bheadh comhad seolta ag GSOC chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás go gcinneann Coimisiún Ombudsman gur chun leas an phobail é déanamh amhlaidh.

Faoi Alt 110 d'Acht an Gharda Síochána, is cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt don Choimisiún Ombudsman i ndáil le gearán nó imscrúdú, cibé acu comhalta den Gharda

Síochána nó duine den phobal a dhéanfadh sin. I ngach cás, is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chinneann cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

### Orduithe ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun Ionchúiseamh a dhéanamh in 2025

Sheol GSOC 17 gcomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.

Fuair GSOC 23 ordú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sa tréimhse sin.

Astu sin:-

- D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh a dhéanamh ar 2 chion a d'eascair as imscrúduithe a cuireadh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2024 – bhain ceann amháin le hionsaí4 agus bhain an ceann eile le tiomáint neamhaireach.5
- D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a dhéanamh i ndáil le 21 imscrúdú. Baineann an staitistic sin le 15 chomhad a chuir GSOC ar aghaidh in 2024 agus le 6 chomhad a cuireadh ar aghaidh in 2025.

Amhail ar an 1 Aibreán, bhí 23 chás ag fanacht ar ordú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

4. Cúiseamh amháin as ionsaí, contrártha d'Alt 2den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le Garda amháin.
5. Cúiseamh amháin as tiomáint neamhaireach ba chúis le mórdhíobhála coirp contrártha d'Alt 52(2)(a) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, i ndáil le Garda amháin.

## Cásanna Coiriúla a cinneadh sa chúirt sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025

Tugadh 5 chás chun críche os comhair na cúirte.

Tharla an méid a leanas i ngach cás:

Achomharc sa Chúirt Dúiche:

1. Achomharc in aghaidh ciontú in dhá chúiseamh (ionsaí contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine agus cion de shaobhadh cúrsa na córa ina bhfuair an cúisí 80 uair an chloig de sheirbhís pobail in ionad 2 mhí sa phríosún) – tarraingthe siar ag an gcúisí.

Ábhair sa Chúirt Dúiche in aghaidh chomhaltaí den Garda Síochána:

1. Fuair an Breitheamh ábhartha an cosantóir neamhchiontach in dhá chás tar éis éisteacht iomlán den fhianaise. Bhí ionchúiseamh i leith ionsaí i gceist leis an dá chás. Bhain ceann amháin le hionsaí contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus bhain an ceann eile le cion i leith ionsaí ba chúis le díobháil contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
2. I gcás eile, scrios an Breitheamh an t-ábhar amach tar éis don chosantóir pléadáil ciontach. Cúisíodh an cosantóir i ndruga rialaithe a shealbhú contrártha d'Alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977. D'éirigh an cosantóir as a phost sa Gharda Síochána agus rinne ranníocaíocht dheonach €500 le hionad athshlánúcháin drugaí.

Ábhair sa Chúirt Dúiche in aghaidh ghearánaigh shibhialta:

1. Rinne an Chúirt ionchúiseamh in aghaidh ghearánaigh shibhialta as cion maidir le faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar contrártha d'Alt 110 den Acht, 2005 a chaitheamh amach. Bhí finné ionchúisimh ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach, gan dáta fillte ar fáil, agus níorbh fhéidir dul ar aghaidh leis an ionchúiseamh gan finné.

## Cásanna ar feitheamh os comhair na gcúirteanna ag deireadh 01 Aibreán 2025

Tá comhaltaí den Gharda Síochána ina n-ábhair do chúiseamh os comhair na gcúirteanna in **21** n-imscrúdú ar leithligh. Áirítear leis an raon cionta:

- Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
- Ionsaí Is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
- Damáiste Coiriúil, contrártha d'Alt 2(1) den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991
- Príosúnú Neamhdhleathach, contrártha d'Alt 15 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
- Tiomáint neamhaireach is cúis le mórdhíobhála coirp contrártha d'Alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961
- Tiomáint Chontúirteach, contrártha d'Alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961
- Ciapadh, contrártha d'Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
- Cur i mBaol, contrártha d'Alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

## Nochtadh Neamh-Pháirtí

Rinne Seirbhísí Dlí GSOC comhordú ar nochtadh fianaise neamh-pháirtí in imeachtaí coiriúla, i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Oibríochtaí.

**Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025** ullmhaíodh naoi gcomhad déag (19) maidir le hiarrataí ar nochtadh neamh-pháirtí agus eisíodh iad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Fuair GSOC 7 iarraidh ar athbhreithniú pribhléide um nochtadh neamh-pháirtí ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

**Tabhair faoi deara:** Is cion é cion achomair nach bhféadfaidh ach breitheamh a shuíonn gan ghiúiré sa Chúirt Dúiche plé leis.

**Tabhair faoi deara:** I dtriail achomair, féadtar an cás a éisteacht sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda, ach ordaíonn Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gur cheart an t-ábhar a éisteacht sa Chúirt Dúiche. Éisteann an Breitheamh le hachoimre ar na fíorais ansin agus má chomhaontaíonn an Breitheamh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, fanfaidh an ní sa Chúirt Dúiche.



# 11 IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL

# 11. IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL

Rinneadh foráil san Acht, 2005, go ndéanfaidh GSOC imscrúduithe chun leas an phobail. D'fhéadfaí imscrúduithe den sórt sin a thionscnamh ar bhealaí éagsúla.

**Imscrúduithe chun leas an phobail á dtionscnamh ag GSOC (Alt 102(4), den Acht, 2005)**

Tháinig mí-iompar ag Garda nó Gardaí chun aird GSOC taobh amuigh de na gnáthphróisis gearán nó tarchur. D'fhéadfadh ábhair den sórt sin teacht chun aird GSOC, mar shampla, trí thuairiscí sna meáin, nó trí mhionsonraí i ngearán a bhí neamh-inghlactha murach sin. Sna cásanna sin, bhí sé de chumhacht ag GSOC tús a chur le himscrúdú chun leas an phobail i gcás gur dealraíodh go bhféadfadh cion a bheith déanta le hiompar comhalta den Gharda Síochána, nó go mbeadh a n-iompar ina údar le himeachtaí araíonachta.

**Iarraidh ón Aire imscrúduithe chun leas an phobail a dhéanamh (Alt 102 (5) den Acht, 2005)**

Bhí an tAire Dlí agus Cirt in ann ní ar bith a tharchur chuig GSOC maidir le hiompar comhalta den Gharda Síochána, dá ndealródh sé go bhféadfadh cion a bheith déanta ag comhalta den Gharda Síochána nó gur iompair siad iad féin ar bhealach a bheadh ina údar le himeachtaí araíonachta. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar GSOC imscrúdú a dhéanamh ar tharchuir den sórt sin. Áirítear leis sin tarchuir chuig GSOC faoin Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM) a bhunaigh an tAire in 2014. Fuair an tAire 21 tarchur idir 2015 agus 2016 agus dúnadh an dá imscrúdú a bhí amuigh in 2023. Ní bhfuair GSOC aon tarchur ón Aire sa tréimhse a chuimsítear sa tuarascáil seo.

**Imscrúduithe chun leas an phobail ar iarratas ón Údarás Póilíneachta nó ón Aire (Alt 102 (7) den Acht, 2005)**

Bhí an tÚdarás Póilíneachta agus an tAire in ann ábhar a tharchur chuig GSOC chun breithniú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart é a imscrúdú chun leas an phobail.

**Imscrúduithe chun Leas an Phobail ar cuireadh tús leo agus a dúnadh sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025**

Osclaíodh trí **(3)** Imscrúdú chun Leas an Phobail in 2025 agus dúnadh péire **(2)**. Áiríodh ar na himscrúduithe a dúnadh cinn ar cuireadh tús leo i mblianta roimhe sin.

Ní dhearnadh aon iarraidh ar GSOC chun imscrúdú chun leas an phobail a dhéanamh faoi Alt 102(5). Níor osclaíodh aon imscrúdú chun leas an phobail tar éis tarchur ón Aire Dlí agus Cirt faoi Alt 102(7) sa tréimhse tuairiscithe seo.

# 12. NOCHTADH COSANTA

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus faoin reachtaíocht leasaithe ghaolmhar, bhí oibrithe sa Gharda Síochána, lena n-áirítear comhaltaí den Gharda, baill foirne den Gharda agus Gardaí Cúltaca, in ann líomhaintí maidir le héagóir laistigh den Gharda Síochána a nochtadh do GSOC faoi rún.

Bhí Aonad tiomnaithe um Nochtadh Cosanta ag GSOC (PDU) chun nochtaí a dhéantar faoin Acht a láimhseáil. Faoi Alt 22 den Acht, ceanglaíodh ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina dtabharfaí an líon Nochtaí Cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus an beart a rinneadh ina leith.

Bhí GSOC, mar Dhaoine Forordaithe faoi Alt 7 den Acht, in ann nochtaí a fháil ó oibrithe sa Gharda Síochána, lena n-áirítear comhaltaí reatha agus iar-chomhaltaí den Gharda, baill foirne sibhialtacha den Gharda, Gardaí Cúltaca, Gardaí faoi oiliúint agus conraitheoirí leis an nGarda Síochána, chomh maith le tuairiscí faoi éagóir a fháil ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta faoi Alt 10 den Acht agus ó Dhaoine Forordaithe eile faoi Alt 7 (b)(vi) den Acht. Bhunaigh GSOC cainéil thuairiscithe sheachtracha i gcomhréir leis an Acht. Bhíothas in ann faisnéis a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin GSOC do phearsanra an Gharda Síochána, lena n-áirítear an chaoi a bhféadfaí tuairiscí faoi éagóir a dhéanamh chuig Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána mar Dhaoine Forordaithe.

## Breithniú a dhéanamh faoi Leas an Phobail

Bhreithnigh GSOC na fíricí i nochtadh i gcomhréir le hAilt 5(3) (a) go (i) den Acht, éagóir ábhartha, agus ansin bhreithnigh siad cibé an mbeadh sé chun leas an phobail imscrúdú a sheoladh nó nach mbeadh. Bhí an breithniú sin i bhfeidhm maidir le gach nochtadh a rinneadh chuig GSOC. Ba cheanglas reachtúil uathúil é sin a forchuireadh ar GSOC ag eascairt as an Acht, 2005.

## Riar Cásanna um Nochtadh Cosanta (01 Eanáir go 01 Aibreán 2025)

Tugtar mionsonraí sa Tábla thíos faoin riar cásanna maidir le Nochtadh Cosanta a thosaigh an tAonad agus a ndearnadh dul chun cinn orthu sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.

**Tábla G: Riar Cásanna GSOC maidir le Nochtadh Cosanta 2025 (01 Eanáir go 01 Aibreán 2025)**

| **Ábhair idir lámha an 02/04/2025** | |
|---|---|
| Ábhair fós idir lámha an 31/12/2024 agus tugtha ar aghaidh chuig 01/01/2025 | 56 |
| Tuairiscí a fuarthas 01/01/2025 - 01/04/2025 | 13 |
| Cásanna dúnta 01/01/2025 - 01/04/2025 | 26 |
| Ábhair fós idir lámha an 02/04/2025 | 43 |
| **Tuairiscí a fuarthas a raibh measúnú le déanamh orthu (01 Eanáir go 01 Aibreán 2025)** | |
| Tuairiscí a fuarthas trí chainéil thuairiscithe sheachtracha | 11 |
| Cur ar aghaidh tuairiscí ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta | 2 |
| Cur ar aghaidh tuairiscí ó Dhaoine Forordaithe | 0 |
| Líon iomlán tuairiscí le haghaidh measúnú (01 Eanáir go 01 Aibreán 2025) | 13 |

## An tAcht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail, 2024

I gcomhréir le hAlt 206 den Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta, 2024, déanfaidh an t Ombudsman Póilíneachta breithniú ar aon nochtadh d'éagóir ábhartha a bhaineann leis an nGarda Síochána a dhéanfaidh oibrí de chuid an Gharda Síochána faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2104 (arna leasú). Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta breithniú ar aon nochtadh a chuirfidh an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta nó duine forordaithe eile ar aghaidh chuici, freisin. Déanfaidh an tAonad um Nochtadh Cosanta i Fiosrú measúnú ar gach nochtadh a gheofar sula gcuirfear ar aghaidh chuig an Ombudsman Póilíneachta iad. Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta tús a chur le himscrúdú ar nochtadh má dhealraítear go mbeadh sé sin chun leas an phobail.

# 13. IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

Phléigh Aonad Cosanta Sonraí agus Saorála Faisnéise GSOC le formhór na n-iarrataí ar fhaisnéis a fuair GSOC gach bliain. Bhí foireann thiomnaithe san Aonad a phléigh le hiarrataí a rinneadh faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Bhí an fhoireann sin freagrach as a chinntiú gur freagraíodh na hiarrataí sin taobh istigh de na teorainneacha ama riachtanacha, feasacht faoi chosaint sonraí, saoráil faisnéise agus cúrsaí príobháideachais a chur chun cinn laistigh de GSOC, comhairle faoi chosaint sonraí a chur ar an bhfoireann agus a chinntiú gur chloígh GSOC lena oibleagáidí reachtúla faoin reachtaíocht.

Fuarthas trí iarraidh déag (13) maidir le saoráil faisnéise sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Fuarthas daichead a naoi (49) iarraidh in 2024, agus seasca (60) in 2023. Bhain formhór na n-iarrataí le faisnéis arna coinneáil i gcás-chomhaid GSOC. Ós rud é nach bhfuil taifid arna gcoinneáil in imscrúdú nó i gcomhaid ghearáin (is é sin, taifid a bhaineann le scrúdú nó imscrúdú faoi Chuid 4 den Acht, 2005) cumhdaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, diúltaíodh do na hiarrataí sin.

Bhain an chuid eile de na hiarrataí ar shaoráil faisnéise le staitisticí faoi ghearáin agus riarachán. Ní bhfuair GSOC aon iarratas ar athbhreithniú inmheánach sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025 i gcinntí a bhain le diúltú rochtain a thabhairt ar thaifid i gcomhaid imscrúdaithe nó gearán.

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025 rinneadh achomharc amháin (1) chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC).

Fuarthas fiche cúig (25) iarratas ar rochtain ar fhaisnéis 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Tháinig formhór na n-iarrataí sin ó ghearánaigh a bhí ag iarraidh rochtain ar a sonraí pearsanta i gcomhaid imscrúdaithe agus gearán GSOC. Bhí athbhreithniú agus próiseáil os cionn seasca (60) comhad ar leithligh i gceist leis sin.

Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, phléigh an tAonad Cosanta Sonraí le dhá iarraidh déag (12) ar chomhairle maidir le cúrsaí cosanta sonraí ó bhaill foirne ar fud aonad gnó GSOC. Bhain formhór na gceisteanna a ardaíodh le faisnéis a nochtadh do tríú páirtithe, comhairle faoi bheartas agus nósanna imeachta agus comhairle a lorgaíodh i ndáil le Comhaontaithe Comhroinnte Sonraí.

D'fhreagair Aonad Rúnaíochta GSOC do thrí (3) iarraidh ar fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt, ocht n-aighneacht déag (18) i ndáil le ceisteanna parlaiminte agus uiríoll amháin (1) ó chomhaltaí Thithe an Oireachtais.

Phléigh Aonad Cumarsáide GSOC le hiarrataí ar fhaisnéis ó iriseoirí, taobh amuigh den phróiseas saorála faisnéis. Chuir an tAonad Cumarsáide seirbhís 24 uair an chloig ar fáil agus d'fhreagair 17 bhfiosrú ó na meáin sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.

**Tábla H: Iarrataí ar Fhaisnéis a Próiseáladh sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025**

| Ábhar | Líon |
|---|---|
| Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 13 |
| Iarrataí faoi Acht um Chosaint Sonraí, 2018 | 12 |
| Iarrataí ar Fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt | 3 |
| Aighneachtaí mar fhreagra do Cheisteanna Parlaiminteacha | 18 |
| Uiríll ó chomhaltaí an Oireachtais | 1 |
| Fiosrúcháin ó na Meáin | 17 |

# 14. COSAINT LEANAÍ

Bhí oibleagáidí dlí ar GSOC maidir le Cosaint Leanaí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Chosaint agus Leas Leanaí.

D'fhéadfadh sé gur cuireadh baill foirne ar an eolas faoi chásanna ina ndearnadh gortú do leanaí nó ina bhféadfadh leanaí a bheith i mbaol a ngortaithe le linn a gcuid oibre ag glacadh gearán ó dhaoine den phobal, nó ag déanamh imscrúduithe.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, ba dhaoine sainordaithe iad baill foirne áirithe i GSOC, Oifigigh Ainmnithe (imscrúdaitheoirí agus baill foirne Cosanta Leanaí.

Mar dhuine sainordaithe, bhí ar an Oifigeach Ainmnithe tarchur a dhéanamh le Tusla i gcás gurbh eol dó/di, gur chreid sé/sí nó go raibh amhras réasúnach air/uirthi gur gortaíodh leanbh nó go raibh leanbh i mbaol a g(h)ortaithe, nó má nocht leanbh gortú. Bhí an oibleagáid maidir le tarchur i gceist freisin má nocht leanbh gur chreid siad go raibh siad i mbaol a bheith gortaithe.

Rinne Oifigigh Ainmnithe GSOC **16** tharchur éigeantacha chuig Tusla sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Ina theannta sin, rinne GSOC **13** tharchur neamh-éigeantacha sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Bhain siad sin le nithe a tháinig chun aire bhaill foirne GSOC le linn a gcuid oibre ach ní le linn imscrúdú coiriúil.

Ceanglaíodh ar dhaoine neamh-shainordaithe Teagmhálaithe Ainmnithe GSOC a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhféadfadh baint a bheith acu le cosaint agus/nó leas leanaí agus iad ag comhlíonadh a ndualgas oifigiúil trí fholáirimh a chur ar chóras cásbhainistíochta na heagraíochta.

Rinneadh **119** bhfoláireamh faoi chosaint leanaí ar an gcóras cásbhainistíochta sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Rinne Teagmhálaithe Ainmnithe athbhreithniú orthu. Chinn baill foirne oilte cibé an ndéanfaí nó nach ndéanfaí tarchur chuig Tusla. Rinneadh **130** cinneadh gan tarchur a dhéanamh sa tréimhse chéanna.

Leanfar le hoibleagáidí GSOC maidir le cosaint agus leas leanaí faoin Acht um Chúram Leanaí agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, agus sinn ag aistriú chuig Fiosrú.

## Príomhfhigiúirí

119 FOLÁIREAMH NUA UM CHOSAINT LEANAÍ

TARCHUR NEAMH-ÉIGEANTACH 13


TARCHUR ÉIGEANTACH 16

130 CINNEADH GAN TARCHUR A DHÉANAMH

# AGUISÍN 1:
# IMSCRÚDUITHE GSOC IDIR LÁMHA SA TRÉIMHSE 01 EANÁIR GO 01 AIBREÁN 2025

Bhí 550 imscrúdú fós ar bun ag Aonad Imscrúdaithe GSOC sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.

**Cairt 7**




I dteannta na n-imscrúduithe sin, **bhí 210 imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána**, a d'eascair as gearáin chuig GSOC, fós ar bun. Bhí 8 gcás eile den sórt sin, cé go raibh siad curtha i gcrích, faoi athbhreithniú ag GSOC.

Bhí tuairim is 152 cás eile ag céimeanna eile den phróiseas cásbhainistíochta freisin.


# AGUISÍN 2:
# PRÓIFÍL NA NGEARÁNACH SA TRÉIMHSE 01 EANÁIR GO 01 AIBREÁN 2025

Ar gearán a chur ar aghaidh chuig GSOC, iarradh ar ghearánaigh suirbhé gan ainm a dhéanamh ar bhonn deonach chun sonraí déimeagrafacha faoi na daoine a lorgaíonn seirbhís uainn a chur ar fáil do GSOC.


Sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025, d'fhreagair 113 ghearánach an suirbhé. B'ionann sin agus ráta freagartha thart ar 33%.

Tugtar breac-chuntas thíos ar phróifíl na ngearánach a d'fhreagair an suirbhé, i gcatagóirí déimeagrafacha éagsúla.


**(i) Inscne**





**(ii) Aois**




**(iii) Tír bhunaidh nó náisiúntacht**





**(iv) Eitneacht**




(v) Teanga





(vi) Míchumas




### (vii) Reiligiún




### (viii) Stádas Tithíochta[6]




### (ix) Gnóthachtáil Oideachais





6. Iarraidh ar ghearánaigh sa suirbhé seo ceann de na cinn seo a leanas a roghnú. Chiallaigh 'aoi' gan bheith ina úinéir ná cíosaí.


# AGUISÍN 3:
# INSCNE AGUS CÉIM NA NGARDAÍ AB ÁBHAIR GEARÁN SA TRÉIMHSE 01 EANÁIR GO 01 AIBREÁN 2025

Léirítear sna cairteacha seo a leanas an miondealú ar inscne agus céim na nGardaí ab ábhair gearán a fuarthas sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025 sa chás gurbh eol an fhaisnéis sin. Tugann an dá pícháirt cuntas ar líomhaintí ar glacadh leo sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025.

**(i) Inscne comhaltaí den Gharda Síochána i ngearáin ar glacadh leo sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025**




**(ii) Céim na gcomhaltaí i líomhaintí ar glacadh leo in 2024**



# AGUISÍN 4: SCAIPEADH GEOGRAFACH GEARÁN AGUS LÍOMHAINTÍ

Léirítear sa Tábla scaipeadh geografach na ngearán uile a rinneadh maidir le Gardaí sa tréimhse 01 Eanáir go 01 Aibreán 2025. Léirítear an líon gearán a cinneadh mar inghlactha, neamh-inghlactha agus na cinn nach raibh cinntí inghlacthachta déanta ina leith faoin 01 Aibreán 2025. Fágtar as an áireamh 8 ngearán nach raibh rannáin Garda bunaithe dóibh fós faoi dheireadh na chéad ráithe.

líon líomhaintí ba mhó a taifeadadh in aghaidh na nGardaí (RCBÁC). Bheifí ag súil leis sin i bhfianaise an dlúthdhaonra agus an leibhéal gníomhaíochta póilíneachta sa phríomhchathair. Laistigh de RCBÁC, bhí na líonta ba mhó i RCBÁC Theas-Láir, ina ndearnadh **36** ghearán agus i RCBÁC Thiar, ina ndearnadh **24** ghearán. Ba i RCBÁC Thuaidh agus i RCBÁC Thiar a bhí an líon ab airde líomhaintí in 2024.

Lasmuigh de RCBÁC, ba iad An Mhí/an Iarmhí **(21)** agus Lú/An Cabhán/Muineachán **(21)** faoi seach na réigiúin ina ndearnadh an líon ab airde gearán in aghaidh Gardaí in 2025. Ba iad An Mhí/an Iarmhí agus Gaillimh na réigiúin ina ndearnadh an líon ab airde líomhaintí taobh amuigh den RCBÁC in 2024.

**Tábla I: Gearáin de réir rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath san áireamh)**

| Rannán Garda: | Líon gearán: | Comhaltaí den Gharda |
|---|---|---|
| An Clár/Tiobraid Árann | 11 | 14 |
| Cathair Chorcaí | 16 | 17 |
| Contae Chorcaí | 11 | 8 |
| Dún na nGall | 12 | 18 |
| Gaillimh | 16 | 16 |
| Ciarraí | 5 | 6 |
| Cill Dara | 7 | 4 |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 12 | 13 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 8 | 13 |
| Luimneach | 10 | 8 |
| Lú/An Cabhán/Muineachán | 21 | 28 |
| Maigh Eo/Ros Comáin/An Longfort | 10 | 12 |
| An Mhí/An Iarmhí | 21 | 45 |
| Sligeach/Liatroim | 7 | 11 |
| Port Láirge | 7 | 11 |
| Loch Garman/Cill Mhantáin | 20 | 27 |

**Tábla J: Gearáin de réir rannán an Gharda Síochána - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**

| Rannán Garda: | Líon gearán: | Comhaltaí den Gharda: |
|---|---|---|
| RCBÁC Thoir | 10 | 15 |
| RCBÁC Thuaidh | 22 | 22 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 21 | 24 |
| RCBÁC Theas | 16 | 16 |
| RCBÁC Theas-Láir | 36 | 46 |
| RCBÁC Thiar | 24 | 51 |
| RCBÁC Trácht | 3 | 3 |
| Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce | 16 | 8 |
| Cearnóg Fhearchair | 2 | 1 |

# GLUAIS TÉARMAÍ AGUS GIORRÚCHÁN

| **Téarma** | **Ciall** |
|---|---|
| An tAcht | Is é Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, an t-acht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC. Is féidir é a fheiceáil ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print |
| Inghlacthacht | Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in Alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú. |
| Comhairle | Is smachtbhanna é seo, a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm, as sárú ar na Rialacháin Araíonachta – féadfaidh comhairle fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil a chur. |
| Líomhain | Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó, ar iompraíochtaí aonair iad a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith. |
| Airteagal 2 | Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. |
| Gearán | Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar comhalta aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó in aghaidh garda amháin nó níos mó a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach garda a mheasúnú ina haonar ó thaobh inghlacthachta de. |
| 'Prionsabail Veinéise' Chomhairle na hEorpa | Na 'Prionsabail maidir le hInstitiúid an Ombudsman a Chosaint agus a Chur Chun Cinn', a ghlac Coimisiún Veinéise Chomhairle na hEorpa i mí an Mhárta 2019. Coimisiún Chomhairle na hEorpa maidir le Daonlathas tríd an Dlí é Coimisiún na Veinéise, a sholáthraíonn comhairle dlí dá Bhallstáit. Is iad na 25 Phrionsabal Veinéise an chéad shraith neamhspleách de chaighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh institiúidí Ombudsman. |
| Rialacháin Choimeádta | Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 – rialacháin a bhaineann le coimeád daoine i stáisiúin Gardaí. Is féidir é a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print |
| Rialacháin Araíonachta | Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print |
| Gníomh Araíonachta | Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do dhá leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le sáruithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sáruithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach. |
| Imeachtaí Araíonachta | Imeachtaí iad seo a fhéadfaidh an Garda Síochána a thionscnamh tar éis imscrúdú araíonachta. Is teorainn dlínse GSOC é a mholadh go ndéanfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh. Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána é aon smachtbhanna a d'eascródh dá bharr. |

| | |
|---|---|
| RCBÁC | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| DO | Oifigeach Ainmnithe |
| DPP | Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí |
| ECHR | Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine |
| FRTC | Imbhualadh Marfach Tráchta ar Bhóthar |
| GSIO | Oifigeach Imscrúdaithe an Gharda Síochána |
| GSOC | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána |
| IO | Oifigeach Imscrúdaithe |
| Idirghabháil Áitiúil | Tá d'aidhm leis an bpróiseas idirghabhála áitiúila gearáin áirithe ar leibhéal seirbhíse in aghaidh chomhaltaí den Gharda Síochána a réiteach ar leibhéal áitiúil gan ghá leis an ábhar a chur faoi phróiseas foirmiúil gearán. Déanann cigirí Garda ainmnithe teagmháil leis an ngearánach, faigheann amach na saincheisteanna sa ghearán, agus déanann iarracht nithe a réiteach chun sástachta an ghearánaigh |
| Airmheánach | Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun. |
| Comhalta i gCeannas | An comhalta den Gharda Síochána atá ainmnithe mar dhuine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta maidir le daoine atá faoi choimeád sa stáisiún Gardaí. Is féidir le comhalta de chéim ar bith a bheith ar an duine sin. Is féidir an sainmhíniú dlíthiúil iomlán agus liosta de dhualgais an chomhalta i gceannas a fheiceáil ina Ailt 4 agus 5 de na Rialacháin Choimeádta (féach thuas). |
| Coimisiún Ombudsman | An triúr Coimisinéirí de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. |
| As Am | Gearán a rinneadh níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearán faoi. |
| PDA | An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 |
| PD/PDU | Nochtadh Cosanta/An tAonad um Nochtadh Cosanta. |
| An tAcht PSSP | Achtaíodh an tAcht Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail i mí Feabhra 2024. Tá téacs an Achta le fáil ar www.irishstatutebook.ie. |
| Ceartas aisiríoch | Tarlaíonn ceartas aisiríoch nuair a chomhaontaíonn íospartach coire agus an ciontóir cumarsáid a dhéanamh maidir lenar tharla. Is próiseas deonach é agus ní mór don dá pháirtí comhaontú leis. Tugann an chumarsáid deis don íospartach an tionchar a bhí ag an gcoir orthu a chur in iúl don chiontóir agus tugtar deis don chiontóir an éagóir a rinne siad a admháil agus freagracht a ghlacadh as a ngníomhartha. Ullmhaíonn duine neamhspleách tuarascáil ar thoradh na cumarsáide. Cuirtear an tuarascáil sin faoi bhráid na Cúirte. |
| Triail Achomair | Triail achomair atá ann nuair is féidir cás a éisteacht sa Chúirt Dúiche nó na Chúirt Chuarda, ach nuair a ordaíonn an DPP gur cheart an t-ábhar a éisteacht sa Chúirt Dúiche. Éisteann an Breitheamh le hachoimre ar na fíorais agus má chomhaontaíonn an Breitheamh leis an DPP, fanfaidh an t-ábhar sa Chúirt Dúiche. |

Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 FT73
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, D01 FT73
Teil: (01) 871 6727 Íosghlao: 0818 600 800 Gréasán: www.gardaombudsman.ie